GCE

Rewarding Learning

Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe
GCE CCEA

Stair



Le teagasc den chéaduair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéaduair Samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéaduair Samhradh 2018
Cód Ábhair: 4010

Ábhair Shamplacha
Mheasúnaithe GCE CCEA Stair

Le teagasc den chéaduair ó Mheán Fómhair 2016
Le bronnadh ar leibhéal AS den chéaduair Samhradh 2017
Le bronnadh ar leibhéal A den chéaduair Samhradh 2018
Subject Code: 4010

Réamhrá

Tá sonraíochtaí nua forbartha ag CCEA a chomhlíonann critéir cháilíochtaí GCE. Tá na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a théann leis na sonraíochtaí nua á gcur ar fáil le treoir a thabhairt do lárionaid ar struchtúr agus ar thréithe na measúnuithe atá beartaithe roimh an chéad mheasúnú. Is é an aidhm gur cuidiú iad na hábhair shamplacha mheasúnaithe sa leabhrán seo le go dtuigfidh múinteoirí agus daltaí, a oiread agus is féidir, an méid a mbeidh marcálaithe ag dúil leis i bhfreagraí iarrthóirí ar na cineálacha tascanna agus ceisteanna a chuirfear ina láthair ag leibhéal GCE. Ba chóir na hábhair shamplacha mheasúnaithe seo a úsáid i gcomhar le sonraíocht Stair GCE CCEA.

LEATHANACH BÁN

Stair GCE
Ábhair Shamplacha Mheasúnaithe

Clár Ábhair

Páipéir Shamplacha **3**

Aonad Measúnaithe AS 1: Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire 3
Aonad Measúnaithe AS 2: Coimhlint Stairiúil agus Athrú 9
Aonad Measúnaithe A2 1: Athrú Thar Am 13
Aonad Measúnaithe A2 2: Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire 17

Scéimeanna Marcála **22**

Treoracha Ginearálta Marcála 24
Aonad Measúnaithe AS 1: Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire 28
Aonad Measúnaithe AS 2: Coimhlint Stairiúil agus Athrú 37
Aonad Measúnaithe A2 1: Athrú Thar Am 51
Aonad Measúnaithe A2 2: Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire 62

Cód Ábhair	4010
QAN AS	601/8551/X
QAN A2	601/8552/1

Foilseachán de chuid © 2016

Is féidir tuilleadh cóipeanna den fhoilseachán seo a íoslódáil ó www.ccea.org.uk

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

ROINNTEOIR TOSAIGH

PÁIPÉIR SHAMPLACHA

ROINNTEOIR CÚIL

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

[CÓD]
PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b)** agus Ceist **2** as an **rogha agat**. Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **1**.

LEATHANACH BÁN

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b) agus** Ceist **2.**

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1.

Ceachtar acu

1 **(a)** Déan anailís ar phríomhghnéithe Bhunreacht Weimar na bliana 1919. [10]

Nó

(b) Déan anailís ar an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht sa Ghearmáin idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934. [10]

2 Léigh foinse 1, 2 agus 3 agus freagair na ceisteanna a leanann:

Teacht i gCumhacht na Naitsithe 1930 – Eanáir 1933

Foinse 1
Sliocht as comhrá idir Hitler agus Martin Bormann, Rúnaí an Pháirtí Naitsíoch, 21 Bealtaine 1942. Tá Hitler ag cuimhneamh siar ar na heachtraí a tharla sular ceapadh ina Sheansailéir é ar an 30 Eanáir 1933.

> Bhí ardteannas polaitiúla ann nuair a dhiúltaigh mé glacadh leis an Leas-Seansailéireacht i gcomh-aireacht von Papen i Lúnasa 1932 agus nuair a rinne Schleicher agus Strasser iarracht an aontacht láidir a bhí sa Pháirtí Naitsíoch a scoilteadh i Mí na Nollag 1932. Rinne an tUachtarán Hindenburg, trí idirghabhálaí von Papen teagmháil liom. Ghlac mé páirt sna hidirbheartaíochtaí seo mar shíl mé go raibh sé ríthábhachtach go rachainn i mbun na Seansailéireachta go dlisteanach. Is mar Sheansailéir a bheadh tofa go dlisteanach amháin a thiocfadh liom na páirtithe polaitiúla uilig eile a bhí ag cur i mo choinne a chloí agus coimhlint ar bith leis an Arm sa todhchaí a sheachaint.

© Hitler's Table Talk 1941-1944, Editor Hugh Trevor Roper a chuir in eagar, Phoenix Press a d'fhoilsigh (2002)

Foinse 2
Sliocht as *Hitler and the Rise of the Nazi Party*, le Frank McDonough, a foilsíodh in 2003.

> Ba le linn na tréimhse ó 1930 go 1933 a d'fhás tacaíocht na dtoghthóirí go suntasach don Pháirtí Naitsíoch. Chomh luath agus a bhuail an cúlú eacnamaíochta an Ghearmáin, thosaigh rath ag teacht ar obair Hitler mar chruthaigh sé meaisín éifeachtúil páirtí go cúramach agus d'úsáid sé bolscaireacht éifeachtach agus a cheannaireacht charasmatach féin. Ba dheis iontach toghchán an Reichstag i Meán Fómhair 1930 do Hitler leas a bhaint as buaireamh na vótálaithe meánaicmeacha agus vótálaithe tuaithe. Mhéadaigh an Páirtí Naitsíoch líon na suíochán a bhí acu ó 12 go 107 agus ba é an dara páirtí polaitíochta ba mhó sa tír é. In imeacht toghchán amháin, tháinig clú náisiúnta ar an Pháirtí Naitsíoch, dream nach raibh mórán tábhachta leo roimhe sin. Bhí Hitler tiomanta go láidir do scriosadh daonlathas Weimar agus ba é an fás a tháinig ar thacaíocht don Pháirtí Naitsíoch ó 1930 ar aghaidh níos mó ná aon toisc eile a chuir an daonlathas trína chéile.

© "Hitler and the Rise of the Nazi Party" le Frank McDonough, Pearson Education LTD, 2003

Foinse 3
Sliocht as *Hitler 1889–1936* le Ian Kershaw, a foilsíodh in 1998.

> Ní hé nach raibh teacht i gcumhacht Hitler inseachanta. Agus an Ghearmáin ag teacht amach as an chúlú eacnamaíochta agus an seans ann go mbrisfeadh an ghluaiseacht Naitsíoch as a chéile mura bhfaigheadh sí cumhacht roimh i bhfad, d'fhéadfadh todhchaí dhifriúil ar fad a bheith ann. Go fiú agus an chomh-aireacht nua ag argóint taobh amuigh de dhoras Hindenburg ar maidin 30 Eanáir 1933, rud a choinnigh an tUachtarán ag fanacht, bhí seans ann nach dtiocfadh seansailéireacht Hitler i gcrích. Ba é an míléamh polaitíochta acu siúd a bhí ábalta caidreamh rialta a dhéanamh leo sin a raibh greim ar an chumhacht acu seachas gníomhaíocht ar bith a rinne an ceannaire Naitsíoch ba mhó ba chúis le Hitler teacht i gcumhacht mar sheansailéir.
>
> © *"Hitler 1889-1936: Hubris", le Ian Kershaw, Penguin 1998*

(a) Déan staidéar ar Fhoinse 1.

Cé chomh húsáideach atá Foinse 1 mar fhianaise ag staraí atá ag déanamh staidéar ar theacht chun cinn na Naitsithe i rith na géarchéime polaitíochta i bPoblacht Weimar ó 1930 go 30 Eanáir 1933? Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra. [20]

(b) Déan Staidéar ar Fhoinse 2 agus ar Fhoinse 3.

Bíonn dearcthaí difriúla ag staraithe maidir le saincheisteanna áirithe. Agus an dá fhoinse agus an tuiscint atá agat ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé acu den dá léirmhíniú dhifriúla seo, dar leat, atá níos inchreidte ar na fáthanna a bhí le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933? [30]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

Stair

Aonad Measúnaithe AS 2
Coimhlint Stairiúil agus Athrú

[CÓD]
PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Freagair **dhá** cheist as an rogha agat.
Caithfidh tú **codanna (i) agus (ii)** de do cheisteanna roghnaithe a fhreagairt.
Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uilig**.
Tá na marcanna céanna ag dul do gach ceist, .i. 30 marc do gach ceist.

Rogha 3: Éire 1823–1867

Freagair **dhá** cheist as an rogha agat.

Caithfidh tú **codanna (i) agus (ii)** de do cheisteanna roghnaithe a fhreagairt.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uilig**.

1 **(i)** Mínigh an fáth a raibh Daniel O'Connell ag iarraidh Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach. [8]

(ii) "Ba iad na Fíníní féin is mó a bhí freagrach as teip a n-Éirí Amach in 1867."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [22]

2 **(i)** Mínigh aidhmeanna ghluaiseacht na bhFíníní. [8]

(ii) "Ba é Daniel O'Connell amháin a bhí freagrach as teip a fheachtais le haisghairm Acht an Aontais a bhaint amach."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim seo? [22]

3 **(i)** Mínigh an fáth ar aontaigh Daniel O'Connell agus na Fuigeanna le Comhaontú Theach Lichfield. [8]

(ii) "Ba é ceannaireacht Daniel O'Connell an fáth ba thábhachtaí leis an rath a bhí ar an fheachtas le Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach.''

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [22]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2018

Stair

Aonad Measúnaithe A2 1
Athrú Thar Am

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Níl ach **rogha 5** ar fáil ar an leagan Gaeilge seo den scrúdpháipéar.
Freagair **ceachtar acu** Ceist 1 **nó** Ceist **2** as an **rogha agat**. Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 40 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **1** agus i gCeist **2.**

Rogha 2: Éire Faoin Aontas 1800–1900

Freagair **ceachtar acu** Ceist **1 nó** Ceist **2**.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 1 agus i gCeist 2.

Ceachtar acu

1 "Ba é caighdeán a gceannairí an toisc ba mhó a chinn cé acu a d'éireodh le haontachtaithe agus náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt in Éirinn sa 19ú haois."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an ráiteas seo? [40]

Nó

2 "Bhí rialtais na Breataine níos rathúla agus iad ag rialú na hÉireann sa tréimhse 1800-1850 ná in 1850-1900."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [40]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2018

History

Aonad Measúnaithe A2 2
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

AM

2 uair 30 nóiméad

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil. Freagair **trí** cheist as an rogha agat. Freagair Ceist **1**, Ceist **2** agus **ceachtar acu** Ceist **3(a)** nó **3(b)**. Taispeáin go soiléir ar do Leabhrán Freagraí cad é an rogha a rinne tú.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **3**.

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

Freagair Ceist **1 agus** Ceist **2 agus** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b).**

Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

An Cur in éadan Rialtas Dúchais

Foinse 1
Sliocht as óráid le Andrew Bonar Law, ceannaire an Pháirtí Choimeádaigh, ag Pálás Blenheim, 27 Iúil 1912. Tá sé ag trácht ar fhreagairt an Pháirtí Choimeádaigh don Tríú Bille Rialtas Dúchais.

> Agus muid ag cur in éadan an Bhille seo, ní bheidh muid treoraithe ag gnáthrialacha bunreachtúla. Níl sa rialtas Liobrálach ach coiste réabhlóideach a ghlac seilbh ar an chumhacht trí chaimiléireacht. Tá rudaí níos láidre ná móraimh pharlaiminteacha ann. Dá ndéanfaí iarracht a gcearta dúchais a choinneáil ó Aontachtaithe Uladh - mar chuid de mhargadh parlaiminteach éillithe - bheadh an ceart acu cur in éadan a leithéid d'iarracht ar gach bealach atá ar a gcumas, fórsa san áireamh. Má dhéantar a leithéid d'iarracht, ní thig liom frithbheartaíocht ar bith a shamhlú a dhéanfadh muintir Uladh nach mbeinn sásta tacú leo, agus creidim féin go mbeadh formhór mór mhuintir na Breataine sásta tacú leo fosta.

© Crown copyright - http://hansard.millbanksystems.com/commons/1914/feb/11/government-of-ireland-bill#S5CV0058P0_19140211_HOC_64 Contains Parliamentary information licensed under the Open Parliament Licence v3.0.

Foinse 2
Sliocht as óráid le Sir Edward Carson, ceannaire Aontachtaithe Uladh, os comhair Theach na dTeachtaí, 11 Feabhra 1914. Tá sé ag caint faoin Tríú Bille Rialtas Dúchais.

> Tá páirt shuntasach ag Uladh sa chonspóid seo ar an ábhar go bhfuil lámh dheas láidir ag Uladh. Tá Aontachtaithe i ndeisceart agus in iarthar na hÉireann, áfach, a bhfuil an oiread céanna fuatha acu ar an Bhille seo agus atá againn féin agus a bheadh sásta troid a dhéanamh mar a dhéanfadh na hUltaigh, dá mbeadh siad líonmhar go leor. Ní thuigeann duine ar bith na deacrachtaí atá acu níos fearr ná mé féin. Ní thig linn tacú a choíche le Bille a ligeann do na daoine seo a bheith á rialú acu siúd a bhfuil deargnaimhdeas acu dóibh. Mar sin féin, is mian liom tagairt go sonrach d'Uladh a bheith fágtha ar lár. Creidim nach dtéann seo in éadan bhunphrionsabail an Bhille. Ach má dhéanann an rialtas iarracht tabhairt ar Aontachtaithe Uladh teacht isteach i bparlaimint i mBaile Átha Cliath, tabharfaidh mé féin tacaíocht do na hUltaigh go dtí an deireadh ar fad lena bpolasaí frithbheartaíochta.

© Crown copyright - http://hansard.millbanksystems.com/commons/1914/feb/11/government-of-ireland-bill#S5CV0058P0_19140211_HOC_64 Contains Parliamentary information licensed under the Open Parliament Licence v3.0.

1 (a) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé acu foinse ab úsáidí mar fhianaise do staraí atá ag déanamh staidéar ar an fhreasúracht ar an Rialtas Dúchais sa tréimhse 1912–1914? [15]

(b) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus fianaise eile a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gurbh é Uladh féin príomhthosaíocht na ndaoine a chuir in éadan Rialtas Dúchais fad le Meán Fómhair 1914? [20]

Foinse 3
Sliocht as *Ireland 1900–1925* le Russell Rees, a foilsíodh in 1998. Tá Rees ag caint faoi fhás Shinn Féin idir 1916 agus 1918.

> Ba é de Valera a dhréachtaigh an gealltanas in aghaidh an choinscríofa ar thacaigh na náisiúnaithe uilig leis in Aibreán 1918. Níorbh iontas ar bith gur thiontaigh mórán náisiúnaithe chuig Sinn Féin le ceannaireacht a fháil sa chath in éadan an choinscríofa as siocair go raibh Sinn Féin go seasmhach in éadan comhar cogaidh agus gur thug Páirtí Parlaiminteach na hÉireann tacaíocht don Bhreatain roimhe sin. Bhí measúlacht nua ag Sinn Féin fosta mar gheall ar an bhaint a bhí ag an Eaglais Chaitliceach leis an ghluaiseacht san fheachtas in éadan an choinscríofa. Mhéadaigh an tacaíocht do Shinn Féin mar thoradh ar an "Chomhcheilg Ghearmánach" i Mí na Bealtaine. In ainneoin gur cuireadh cosc ar Shinn Féin in Iúil 1918, lean sé de bheith ag leathnú. Mealladh a lán comhaltaí úra le dul isteach sa ghluaiseacht agus d'eagraigh sé feachtas den fhrithbheartaíocht shíochánta in éadan riail na Breataine. Bhí forógra toghchánaíochta Shinn Féin chomh mealltach céanna don phobal náisiúnach i Mí na Nollag 1918 agus a bhí a chlár ó 1917.
>
> *Arna chur in oiriúint ó © Ireland 1905-25, le Russell Rees, Colourpoint Creative Limited, 1998*

Foinse 4
Sliocht as *Britain and Ireland: From Home Rule to Independence* le Jeremy Smith, a foilsíodh in 2000. Tá Smith ag trácht ar Olltoghchán na bliana 1918.

> Bhí cuid mhaith daoine óga a bhí ag vótáil den chéad uair i measc na dtoghthóirí in 1918. Bhí a dtuairimí polaitiúla múnlaithe ag géarchéim Uladh roimh an chogadh, an Éirí Amach, frithghníomhú na Breataine i ndiaidh 1916 agus thar rud ar bith eile an bhagairt go gcuirfí an coinscríobh i bhfeidhm. Chonacthas an toradh mar réabhlóid thoghchánach ar son Shinn Féin. Sin ráite, bhí an bua le cur síos don imeaglú fhairsing a cuireadh ar vótálaithe, do "chleasanna" toghchánaíochta áirithe agus do theip Pháirtí na hÉireann bheith san iomaíocht i ngach toghlach. Is féidir gur léiriú a bhí i mbunús na tacaíochta do Shinn Féin den diultú do shean-Pháirtí na hÉireann Redmond seachas aontú cinnte dearfach leis an phoblachtachas. Ba bheag duine a thuig cad é ar a shon ar sheas Sinn Féin, doiléireacht ba dhócha a chuidigh le haontacht agus le mealltacht toghchánach an pháirtí.
>
> *© Britain and Ireland: from Home Rule to Independence, Jeremy Smith, Pearson/Longman, 2000*

2 Déan staidéar ar Fhoinse 3 agus ar Fhoinse 4.

Agus an dá fhoinse seo agus do thuiscint féin ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé chomh hinchreidte, dar leat, atá na léirmhínithe difriúla seo ar na fáthanna a bhí le toradh an olltoghcháin in 1918 in Éirinn? [25]

3 Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sa cheist seo.

Ceachtar acu

(a) "Bhí níos mó brú ar phoblachtaigh na hÉireann ná a bhí ar rialtas na Breataine aontú le sos cogaidh i Mí Iúil 1921."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo ar an dóigh ar tháinig Cogadh na Saoirse (an Cogadh Angla-Éireannach) de 1919–1921 chun deiridh? [20]

Nó

(b) "Ba mhó i bhfad a bhain rialtas na Breataine a chuspóirí amach i gConradh Angla – Éireannach na Bliana 1921 ná a bhain Sinn Féin a chuspóirí amach."

Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo? [20]

SCÉIM MARCÁLA

ROINNTEOIR TOSAIGH

SCÉIM MARCÁLA

ROINNTEOIR CÚIL

Rewarding Learning

General Certificate of Education

Stair

TREORACHA GINEARÁLTA
MARCÁLA

Treoracha Ginearálta Marcála

Intreoir
Is é príomhchuspóir na scéime marcála seo a chinntiú go marcáiltear scrúduithe go beacht, go comhsheasmhach agus go cothrom. Sa scéim mharcála, tugtar léiriú do scrúdaitheoirí ar chineál agus ar réimse de fhreagraí iarrthóirí ar dócha gur fiú creidiúint iad. Leagtar amach inti fosta na critéir ba chóir dóibh a fheidhmiú agus iad ag tabhairt marcanna ar fhreagraí iarrthóirí.

Cuspóirí measúnaithe
Thíos tá cuspóirí measúnaithe don **Stair GCE**.

Ba cheart d'iarrthóirí a bheith in ann:

CM1 Eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á ndéanamh orthu agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

CM2 cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinse cuí, atá príomhúil agus/nó comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil.

CM3 Anailís agus luacháil a dhéanamh, maidir le comhthéacs stairiúil, ar na dóigheanna difriúla ar léirmhíníodh gnéithe den am atá thart.

Caighdeán fhreagairtí na n-iarrthóirí
Nuair a bhíonn siad ag marcáil scrúdpháipéar, ba chóir do scrúdaitheoirí cáilíocht freagra a lorg a léiríonn an leibhéal aibíochta a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ag dalta 17 nó 18 mbliana d'aois óir is é sin an aois atá ag formhór iarrthóirí scrúduithe GCE.

Solúbthacht sa mharcáil
Níltear ag dúil le scéimeanna marcála bheith iomlán saintreorach. Ní thig le scéim mharcála ar bith gach freagra a thabharfadh iarrthóir a chlúdach. I gcás freagraí nach rabhthas ag súil leo, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a fheidhmiú le bailíocht freagraí a mheas. Má tá fadhb ar leith ag baint le freagra, ba chóir do scrúdaitheoirí treoir a iarraidh ar an Phríomh-Scrúdaitheoir.

Marcáil dhearfach
Moltar do scrúdaitheoirí bheith dearfach agus iad ag marcáil agus creidiúint chuí a thabhairt don méid atá ar eolas ag daltaí, an méid a thuigeann siad agus an méid a thig leo a dhéanamh seachas pionós a ghearradh orthu as earráidí nó as easnaimh. Ba chóir do scrúdaitheoirí feidhm a bhaint as réimse iomlán na marcanna atá ar fáil in aon cheist ar leith agus bheith sásta iomlán marcanna a bhronnadh ar fhreagra atá chomh maith is a mbeifí ag dúil leis, ar bhonn réasúnta, ó iarrthóir GCE 17 nó 18 mbliana d'aois.

Gan aon mharc a bhronnadh
Is ar fhreagraí bailí amháin ba chóir marcanna a bhronnadh agus níor chóir aon mharc a bhronnadh ar fhreagra atá iomlán mícheart nó míchuí.

Cineálacha scéimeanna marcála
Marcáiltear ceisteanna inar gá d'iarrthóirí freagra sínte scríofa a thabhairt ar bhonn leibhéil freagraí a chuireann san áireamh cáilíocht na cumarsáide scríofa.

Leibhéal freagartha
Nuair a bhíonn siad ag socrú cén leibhéal freagartha a bhíonn le bronnadh, ba chóir do scrúdaitheoirí an 'oiriúint is fearr' a chuardach, ag cur san áireamh gur féidir laige i réimse amháin a chúiteamh le láidreacht i réimse eile. Nuair a bhíonn siad ag socrú cén marc atá le bronnadh taobh istigh de leibhéal ar leith ar fhreagairt ar bith, bítear ag dúil le scrúdaitheoirí a mbreithiúnas gairmiúil a úsáid.

D'fhonn cuidiú le scrúdaitheoirí atá an treoir a leanas.

- ***Feidhmíocht tairsí:*** Freagairt a thuilleann creidiúint sa leibhéal más ar éigean agus ar chóir marc a bhronnadh ag bun an raoin nó in aice leis sin.
- ***Feidhmíocht idirmheánach:*** Freagairt a thuilleann go follasach creidiúint sa leibhéal agus ar chóir marc a bhronnadh i lár an raoin nó in aice leis sin.
- ***Ardfheidhmíocht:*** Freagairt a chomhlíonann go hiomlán an cur síos leibhéil agus ar chóir marc a bhronnadh ag barr an raoin nó in aice leis sin.

Caighdeán na cumarsáide scríofa
Cuirtear caighdeán na cumarsáide scríofa san áireamh nuair a bhítear ag measúnú freagairtí iarrthóirí ar gach tasc agus ar gach ceist inar gá dóibh freagairt a thabhairt i bhfoirm shínte scríofa. Marcáiltear na ceisteanna seo ar bhonn leibhéil freagartha. Tá tagairt do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa chur síos ar gach leibhéal freagartha.

Ar mhaithe le gontacht, idirdhealaítear caighdeán na cumarsáide scríofa laistigh de leibhéil freagartha mar seo a leanas:

Leibhéal 1: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa bunúsach.
Leibhéal 2: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa sásúil.
Leibhéal 3: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa maith.
Leibhéal 4: Tá caighdeán na cumarsáide scríofa d'ardchaigheán.

Agus an cur síos seo ar na leibhéil á léirmhíniú acu, ba chóir do scrúdaitheoirí tagairt don treoir thíos ina bhfuil níos mó mionsonraí:

Leibhéal 1 (Bunúsach): Ní dhéanann an t-iarrthóir ach roghnú teoranta agus ní bhaineann sé ach úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 (Sásúil): Déanann an t-iarrthóir roghnú réasúnta agus baineann sé úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais.
Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 (Maith): Déanann an t-iarrthóir roghnú maith agus baineann sé úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 (Ardchaighdeán): Roghnaíonn agus úsáideann an t-iarrthóir an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí.
Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

Stair

Aonad Measúnaithe AS 1
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

SCÉIM MARCÁLA

Rogha 5: An Ghearmáin 1919–1945

MARCANNA AR FÁIL

Freagair Ceist **1(a)** nó **1(b) agus** Ceist **2**.

1 (a) Anailísigh príomhghnéithe Bhunreacht Weimar na bliana 1919.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, míniú agus anailís theoranta. Freagairtí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint éadomhain ar phríomhghnéithe Bhunreacht Weimar ar aontaigh an Tionól Náisiúnta air in 1919. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus úsáideann siad foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Léireoidh, eagróidh agus cuirfidh na freagraí eolas agus tuiscint in iúl le méid áirithe ábharthachta agus soiléire, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe agus anailíse sa fhreagra. Beidh freagairtí níos mionsonraithe agus cuirfidh siad faisnéis chomhleanúnach ar fáil maidir le príomhghnéithe Bhunreacht Weimar. Mar shampla, thig leo bheith ag tagairt do chumhachtaí leathana an Uachtaráin faoi Alt 48 den Bhunreacht agus chomh maith leis sin thig leo córas vótála na hionadaíochta cionmhaire a phlé. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([5]–[7])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Tá pointí forbartha agus tugtar bunús leo, agus léirítear míniú agus anailís níos soiléire. Tosóidh freagraí a dhéanamh anailíse ar phríomhghnéithe Bhunreacht Weimar. Ba é an tUachtarán an ceann stáit, agus bhí sé le toghadh gach seacht mbliana.

Cheapadh seisean an Seansailéir a bheadh mar cheannaire ar an rialtas. Faoi Airteagal 48 thiocfadh leis an Uachtarán i ngéarchéim rialú de réir foraithne agus an Reichstag a chur i leataobh. Ní hamháin go raibh an chumhacht ag an Uachtarán an Seansailéir a cheapadh ach d'fhéadfadh sé é a bhriseadh as a phost chomh maith. Bhí an tUachtarán ábalta an Reichstag a lánscor agus toghcháin nua a eagrú. Bhí an tUachtarán i mbun an airm fosta. Bhí toghcháin le bheith ann gach ceithre bliana ag úsáid chóras na hionadaíochta cionmhaire. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([8]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta i gcónaí. Tá pointí forbartha agus tugtar bunús leo, agus léirítear míniú agus anailís mhaith. Freagraí ar an leibhéal is airde, cuirfidh siad anailís uileghabhálach ar fáil ar phríomhghnéithe Bhunreacht Weimar. An Seansailéir agus a airí, bhí siad freagrach don Reichstag, an príomhfhoras reachtóireachta. D'fhéadfadh vóta náimhdeach sa Reichstag rialtais a chur as oifig. Bhí cead vótála ag gach fear agus bean os cionn 20 bliain d'aois. Vótáil toghthóirí do pháirtí agus tháirg gach páirtí liosta iarrthóirí uimhrithe in ord tábhachta. Chiallaigh an córas seo go bhfaigheadh gach páirtí sciar cothrom de na vótaí a caitheadh ach chur sé cosc ar pháirtí ar bith an tromlach foriomlán a bheith acu. Spreag sé a lán páirtithe polaitiochta agus chinntigh sé nach bhféadfadh rialtas a bheith ann nach raibh ina chomhrialtas. Don am sin, d'fhéadfá a rá gur córas liobrálach a bhí i mBunreacht Weimar. Chinntigh an Bunreacht cearta bunúsacha ar nós saoirse cainte. Bunreacht cónaidhmeach a bhí ann, ina raibh an t-údarás polaitiúil scoilte idir rialtas náisiúnta agus seacht gcinn déag de rialtais stáit. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [10]

(b) Déan anailísiú ar an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht sa Ghearmáin idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

MARCANNA AR FÁIL

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Is i bhfoirm insinte é an freagra, nach bhfuil ach míniú agus anailís theoranta ann. Freagairtí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint éadomhain ar an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht sa Ghearmáin idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus úsáideann siad foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Léireoidh, eagróidh agus cuirfidh na freagraí eolas agus tuiscint in iúl le méid áirithe ábharthachta agus soiléire, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe agus anailíse sa fhreagra. Beidh freagairtí níos mionsonraithe agus cuirfidh siad tuiscint neamhiomlán ar fáil ar an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([5]–[7])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Tá pointí forbartha agus tugtar bunús leo, agus léirítear míniú agus anailís níos soiléire. Tosóidh freagraí ar anailís a thabhairt ar réimse tosca maidir leis an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934.
B'fhéidir go bhfágfadh freagairtí ar lár fianaise áirithe agus iad ag léiriú úsáid sceimhle agus dlíthiúlachta sa phróiseas amhail Oíche na Sceana Fada i Meitheamh 1934 nó an Dlí um Cheann Stáit Reich na Gearmáine i Lúnasa 1934. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([8]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta i gcónaí. Tá pointí forbartha agus tugtar bunús leo, agus léirítear míniú agus anailís mhaith. Tabharfaidh freagraí den chineál is fearr míniú ar an dóigh ar chruthaigh na Naitsithe deachtóireacht

sa Ghearmáin idir 30 Eanáir 1933 agus 2 Lúnasa 1934. D'fhéadfaí dlíthiúlacht a léiriú le fianaise amhail Foraithne Uachtarán an Reich um Chosaint an Phobail agus an Stáit i Feabhra 1933, An tAcht Údaraithe i Márta 1933, an Dlí i gcoinne Fhoirmiú na bPáirtithe in Iúil 1933 agus an Dlí um Cheann Stáit Reich na Gearmáine i Lúnasa 1934 a mheasc oifigí an Uachtaráin agus an tSeansailéara mar gheall ar bhás Hindenburg. D'fhéadfaí sceimhle a léiriú le foréigean ghnáthbhaill an SA i ndiaidh thoghchán an Reichstag i Márta 1933 agus Oíche na Sceana Fada i Meitheamh 1934, nuair a scaoil an SS 90 duine ar a laghad, lena n-áirítear tuairim is 50 ceannaire de chuid an SA i bpurgú leis an "Dara Réabhlóid" a threascairt. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [10]

MARCANNA AR FÁIL

10

2 (a) Déan staidéar ar Fhoinse 1.

Cé chomh húsáideach atá Foinse 1 mar fhianaise don staraí atá ag déanamh staidéar ar theacht i réim na Naitsithe le linn ghéarchéim pholaitiúil Phoblacht Weimar ó 1930 go 30 Eanáir 1933? Caithfidh tú eolas comhthéacsúil a úsáid i do fhreagra.

Díríonn an cheist seo ar CM2: cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinse cuí, atá príomhúil agus/nó comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil. Ní mór d'iarrthóirí eolas comhthéacsúil a úsáid ina bhfreagra.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith arbh fhiú creidiúint.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Féadfaidh freagraí, go tipiciúil, athleagan a dhéanamh ar an fhoinse nó sliocht fada a thabhairt ón fhoinse ach gan trácht a dhéanamh go neamhbhalbh ar phointí ábhartha i gcomhthéacs na ceiste. B'fhéidir go dtabharfadh siad faoi deara gur ráiteas atá san fhoinse a rinne Hitler in 1942 le linn comhrá le Bormann a bhaineann le heachtraí roimh cheapadh Hitler mar Sheansailéir ar 30 Eanáir 1933.

Leibhéal 2 ([6]–[10])
Féadfaidh freagraí, go tipiciúil, iad féin a theorannú don fhoinse agus luacháil a dhéanamh ar a húsáideacht gan tagairt a dhéanamh ach don fhaisnéis atá le fáil san fhoinse fhéin. San fhoinse, nochtann Hitler an rún daingean a bhí aige cumhacht a bhaint amach trí dhóigheanna dleathacha agus tagraíonn sé do sheilbh a ghlacadh ar an tSeansailéireacht go "dlisteanach" le cur in éadan ó pháirtithe polaitiúla eile agus ón Arm a sheachaint.

Leibhéal 3 ([11]–[15])
Úsáidfidh freagraí an fhoinse ar dhóigh níos uileghabhálaí. Ní hamháin go ndéanfaidh siad plé ar ábhar an fhoinse, ach aibhseoidh siad a láidreachtaí trí dhíriú ar a mhodh, ar a údar, ar a cheannfháth, ar a spriocghrúpa agus ar a thon. Tá an t-údar ar cheann de na láidreachtaí is mó atá ag an fhoinse. Cuimhníonn an ceannaire Naitsíoch ar an straitéis a lean sé le seilbh a ghlacadh ar an chumhacht sa deireadh. Is láidreachtaí breise den fhoinse iad an modh agus an spriocghrúpa. I gcomhrá príobháideach le comhNáitsíoch, cuimhníonn ceannaire Naitsíoch ar a cheapadh mar Sheansailéir. B'fhéidir go gcuirfí in iúl go bhféadfadh Hitler a fhíormhothúcháin a nochtadh do Naitsíoch a mbeadh sé ábalta trust a chur ann. Tá ton na foinse tuairisciúil den chuid is mó sa dóigh is go bhfuil Hitler ag cuimhneamh ar eachtraí tábhachtacha ar an bhealach chuig a cheapadh mar Sheansailéir ar 30 Eanáir 1933. Láidreacht eile a bhaineann leis an fhoinse ná an t-ábhar atá ann. Nochtann an fhoinse gur dhiúltaigh Hitler an tairiscint de Leas-Shainsailéir i Lúnasa 1932 agus go ndearna von Schleicher agus Strasser iarracht an páirtí Naitsíoch a scoilt i Mí na Nollag 1932, iarracht nár éirigh léi. Na tagairtí do von Hindenburg agus do von Papen, léiríonn siad gur margadh idir scothghrúpaí den eite dheis agus an Páirtí Naitsíoch ba chúis le teacht i réim Hitler sa deireadh.

Leibhéal 4 ([16]–[20])
Ní hamháin go bpléifidh freagraí na dea-rudaí a bhaineann leis an fhoinse, ach pléifidh siad na dhóigheanna a bhfuil an fhoinse teoranta fosta. Ba chóir marcanna a bhronnadh ar dhóigheanna inchreidte ar bith a bhfuil an fhoinse teoranta. Bainfidh freagraí úsáid iomlán as an fhoinse agus léireoidh siad tuiscint iomlán nach bhfuil a luach le fáil san ábhar amháin, ach luafaidh siad dáta, údar, modh, spreagadh, spriocghrúpa agus toin na foinse. Le marc a fháil ar Leibhéal 4, ní mór d'iarrthóirí eolas ábhartha comhthéacsúil a chur ina bhfreagra. Locht amháin atá ar an fhoinse ná a dáta. D'fhéadfadh iarrthóirí a cheistiú cé chomh cruinn fírinneach atá cuntas Hitler mar tá dáta na foinse beagnach deich mbliana ina dhiaidh sin. Ní luann Hitler faoin drochbhail a bhí ar Pháirtí na Naitsithe i ndiaidh thoghchán an Reichstag i Samhain 1932 nuair a chaill sé tacaíocht thoghchánach agus níor bhain sé ach 196 suíocháin. Bhí maoin pháirtí ídithe i ndiaidh a lán feachtas toghchánach agus bhí an chuid ba mheasa den spealadh thart. D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil Hitler agus é ina dheachtóir uaibhreach sa bhliain 1942, ag déanamh gaisce le Naitsíoch umhal faoin dóigh ar bhain sé cumhacht amach agus go bhfuil cuimhne roghnaitheach aige. Ón eolas chomhthéacsúil atá acu, d'fhéadfadh iarrthóirí na róil a bhí ag an Uachtarán Hindenburg, von Papen, von Schleicher agus Hitler le linn míonna deiridh an uisce faoi thalamh polaitiúil le linn ghéarchéim pholaitiúil 1930–1933.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [20]

(b) Déan staidéar ar Fhoinse 2 agus ar Fhoinse 3.
Bíonn dearcthaí difriúla ag staraithe maidir le saincheisteanna áirithe. Agus an dá fhoinse in úsáid agat, mar aon le do thuiscint ar an chomhthéacs stairiúil, cé acu de na léirmhínithe difriúla seo de na

MARCANNA AR FÁIL

fáthanna le teacht chun cumhachta na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933 is mó a gcreideann tú ann?

MARCANNA AR FÁIL

Díríonn an cheist seo ar CM3: cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh, maidir le comhthéacs stairiúil, ar na dóigheanna difriúla ar léirmhíníodh gnéithe den am atá caite.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[7])
Léireoidh freagraí tuiscint theoranta ar an dóigh ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís theoranta de na léirmhínithe ar na fáthanna le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint bheag nó ní léireoidh siad tuiscint ar bith ar an chomhthéacs stairiúil. B'fhéidir nach bpléifí ach ceann amháin de na foinsí sna freagraí. Ní shonróidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, nó déanfaidh siad breithiúnas nach bhfuil aon bhunús leis.

Leibhéal 2 ([8]–[14])
Léireoidh freagraí tuiscint shásúil ar an dóigh ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Tosóidh freagairtí a dhéanamh anailíse ar dhá léirmhíniú dhifriúla ar na fáthanna le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933? Freagraí ar an leibhéal seo, b'fhéidir go léireodh siad roinnt tuiscint ar an chomhthéacs stairiúil. Nochtfaidh iarrthóirí tuiscint shásúil ar dhearcthaí McDonough agus Kershaw. Áitíonn Foinse 2 gur toisc thábhachtach é an méadú ar thacaíocht thoghchánach a bhí ag na Naitsithe ina dteacht i gcumhacht. Áitíonn Foinse 3 go raibh teacht i gcumhacht Hitler ag brath i ndeireadh na dála ar chinneadh na bpolaiteoirí scothghrúpa den eite dheis comhoibriú le Hitler agus titim an chórais pharlaimintigh a chur i ngníomh. B'fhéidir go sonródh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad roinnt fianaise ar fáil le tacú lena mbreithiúnas.

Leibhéal 3 ([15]–[22])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint mhaith ar na dóigheanna ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís mhaith ar na léirmhínithe ar na fáthanna le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint mhaith ar an chomhthéacs stairiúil. Áitíonn McDonough Foinse 2 gur toisc thábhachtach é an méadú ar thacaíocht toghchánaíochta a bhí ag na Naitsithe i ndiaidh an spealta ina dteacht i gcumhacht. Cuirtear béim ar ról Hitler i meaisín éifeachtach páirtí a chruthú, ar bholscaireacht éifeachtach, ar cheannaireacht charasmatach Hitler, agus ar thacaíocht thoghchánach ó vótálaithe meánaicmeacha agus tuaithe le cuidiú leis an dul chun cinn toghchánach i Meán Fómhair 1930 a mhíniú. Ach cuireann Kershaw i bhFoinse 3 béim ar thábhacht an uisce faoi thalamh polaitiúil a bhí ar bun ag polaiteoirí ar an eite dheis maidir le ceapadh Hitler mar Sheansailéir a chinntiú ar 30 Eanáir 1933. Tugann Kershaw le tuiscint go raibh an t-uisce faoi thalamh

polaitiúil ag na scothghrúpaí níos tábhachtaí ná iarmhairtí polaitiúla agus eacnamaíocha an spealta mar mhíniú ar theacht i gcumhacht na Naitsithe. Sonróidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad fianaise mhaith ar fáil le tacú lena mbreithiúnas.

Leibhéal 4 ([23]–[30])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint iontach maith ar na dóigheanna ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís iontach maith ar na léirmhínithe ar na fáthanna le teacht i gcumhacht na Naitsithe ó 1930 go 30 Eanáir 1933. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint iontach maith ar an chomhthéacs stairiúil. B'fhéidir go n-áiteodh siad gur spreag an spealadh teacht i réim Pháirtí na Naitsithe. Gan buanna thoghchánaíochta go luath sna 1930idí, ní bheadh na Naitsithe ábalta bheith san iomaíocht leis an chumhacht a fháil. Agus iad ag tacú le hanailís McDonough i bhFoinse 2, thiocfadh le freagraí tabhairt le tuiscint nach raibh an dara rogha ag an Uachtarán Hindenburg mar gheall ar thacaíocht thoghchánach na Naitsithe ach iarraidh ar cheannaire an pháirtí is mó sa Reichstag rialtas údarásaíoch a fhoirmiú. Ar an láimh eile, d'fhéadfadh iarrthóirí a áitiú go raibh an t-uisce faoi thalamh polaitiúil níos tábhachtaí ná an méadú ar thacaíocht thoghchánach na Naitsithe. Níor tháinig Hitler i gcumhacht nuair a bhí an ghéarchéim eacnamaíochta in airde réime nó nuair ba mhó a bhí gnaoi an phobail air i ndiaidh Iúil 1932 nuair a bhí na Naitsithe ar an pháirtí ba mhó. Mar thaca le hanailís Kershaw i bhFoinse 3 d'fhéadfadh freagraí tabhairt le tuiscint go raibh drochbhreithiúnas von Papen agus Hindenburg an-tábhachtach le teacht i gcumhacht na Naitsithe a mhíniú. Thug taicticí Pháirtí na Naitsithe chuig bruach na cumhachta iad. Cuireadh sin i gcrích, áfach, mar gheall ar dhrochbhreithiúnas na scothghrúpaí. Rinneadh Seansailéir de Hitler in Eanáir 1933 cionn is gur chreid an tUachtarán Hindenburg agus daoine eile go bhféadfaí riailréim úr, riailréim níos údarásaí, a chuir i réim go síochánta. Ní fhéadfadh seo tarlú mura raibh bonn de theacaíocht an phobail acu. Ba é an tacaíocht seo ón phobal nach dtiocfadh le dream ar bith ach an NSDAP a chur ar fáil. Sonróidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad fianaise iontach maith ar fáil le tacú lena mbreithiúnas

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [30]

Iomlán

MARCANNA AR FÁIL
50
60

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED SUBSIDIARY (AS)
General Certificate of Education
2017

Stair

Aonad Measúnaithe AS 2
Coimhlint Stairiúil agus Athrú

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

SCÉIM MARCÁLA

LEATHANACH BÁN

Rogha 3: Éire 1823–1867

MARCANNA AR FÁIL

1 (i) Mínigh an fáth a raibh Daniel O'Connell ag iarraidh Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, míniú agus anailís theoranta. Cuirfidh freagairtí insint ar fáil nó cuimhneoidh siad ar roinnt ráiteas gan tacaíocht, gineáltamaidir leis an fháth a raibh O'Connell ag iarraidh Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe agus anailíse sa fhreagra. Beidh deacracht ag freagraí dul i ngleic go comhsheasmhach leis an cheist agus b'fhéidir go dtabharfaidh siad cuntas ginearálta ar fáil ar na fáthanna ar mhaith le O'Connell Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Tá míniú agus anailís forbartha. Beidh freagraí níos mionsonraithe agus léireoidh níos mó feasachta ar na fáthanna a bhí ag O'Connell le Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach. Chreid seisean go mbeadh athrú iomlán ar rannpháirtíocht na gCaitliceach sa pholaítíocht agus sa tsaol ghairmiúil in Éiriinn mar gheall ar cheadú Fhuascailt na gCaitliceach. Déanann iarrthóirí

roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([7]–[8])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, agus ghonta. Tá míniú agus anailís forbartha go hiontach maith agus tugtar bunús leo. Tabharfar freagraí thar a bheith eolach maidir leis na fáthanna a raibh O'Connell ag iarraidh Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach. Mar gheall air seo, bheadh deiseanna níos fearr ag Caitlicigh i bpoist ghairmiúla agus rialtais in Éirinn agus chuideodh sé le hAisghairm a bhaint amach san am a bhí le teacht. Chomh maith leis sin, chuirfeadh Fuascailt na gCaitliceach stop leis an leithcheal a bhí á dhéanamh ar Chaitlicigh sa rialtas láir agus áitiúil, a bhí faoi smacht ag Protastúnaigh. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [8]

(ii) "Ba iad na Fíníní féin ba mhó a bhí freagrach as teip an Éirí Amach a bhí acu in 1867". Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo?

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, anailís, luacháil, breithiúnas agus fiosrú teoranta.
Freagraí ar Leibhéal 1, b'fhéidir go dtabharfadh siad insint nó go gcuimhneodh siad ar roinnt cúiseanna le teip Éirí Amach na bhFíníní. Beidh na freagraí seo ginearálaithe. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 2 ([6]–[11])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt tuisceana, anailíse, luachála, breithiúnais agus fiosraithe ar choincheapa sa fhreagra. Beidh deacracht i gcónaí ag freagraí Leibhéal 2 dul i ngleic go comhsheasmhach leis an cheist agus b'fhéidir go dtabharfadh siad cuntas ginearálta ar fáil ar an dóigh ar chuir na Fíníní lena dteip féin in 1867. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl

Leibhéal 3 ([12]–[17])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Déantar forbairt ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús leo. Freagraí ar Leibhéal 3, cuirfidh siad tuiscint níos mionsonraithe ar fáil maidir leis an méid a raibh na Fíníní freagrach as a dteip féin in 1867. Bhí easaontas idir ceannairí na bhFíníní, in Éirinn agus i SAM araon. Thit James Stephens agus John O'Mahony amach maidir le teaicticí. Ní raibh eagraíocht lárnach ag na Fíníní, agus d'fhág sin go raibh sé deacair ceannaireacht chomhtháiteach a bheith acu. Bhí argóintí idir na gluaiseachtaí in Éirinn agus i Meiriceá, agus bhí sé deacair airgead, fir agus airm a fháil mar gheall air sin. Níor pleanáladh Éirí Amach 1867 go maith. Ní raibh go leor cuidithe ann ó SAM. Bhí easpa arm ann. Ó tharla gur cuireadh an bundáta siar ó Fheabhra, thit an tÉirí Amach i lár stoirm sneachta i Mí Mhárta. Chuidigh na Fíníní féin lena dteip a chinntiú mar gheall ar an dóchas a bhí acu as foréigean, rud a chuir olc ar dhaoine in Éirinn a bheadh ag tacú leo. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([18]–[22])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Déantar forbairt iontach maith ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús iontach maith leo. Freagraí ar Leibhéal 4, bainfidh siad tátail ábhartha amach maidir leis an méid a bhí na Fíníní freagrach as teip a nÉirí Amach. Ba chóir do fhreagairtí trácht a dhéanamh ar ról na hEaglaise Caitlicí agus gníomhartha Rialtas na Breataine a chur bac le hiarrachtaí na bhFíníní a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Bhí an Cairdinéal Cullen ina chonstaic ollmhór a bhí le sárú ag na Fíníní. Mar cheannaire, threoraigh sé an Eaglais Chaitliceach le gluaiseacht na bhFíníní a cháineadh go neamhbhalbh agus d'áitigh

MARCANNA AR FÁIL

sé ar Chaitlicigh gan a bheith páirteach sa ghluaiseacht. Ba é dearcadh na sagart nach raibh ballraíocht sna Fíníní ag teacht leis an Chreideamh Chaitliceach. Bhí gníomhartha an rialtais in aghaidh ghníomhaíocht na bhFíníní, bhí siad comhréireach agus éifeachtach araon. D'éirigh le spiairí de chuid Chaisleán Bhaile Átha Cliath dul isteach sa ghluaiseacht agus cuireadh Habeas corpus ar fionraí. Rinneadh ruathar ar oifigí The Irish People, agus gabhadh daoine ríthábhachtacha. Cuireadh reisimintí airm isteach a bhféadfadh an rialtas muinín a chur iontu, le gníomhaíocht ar bith de chuid na bhFíníní a chur faoi chois. B'fhéidir go léireodh freagraí gur measc dá gcuid laigí féin agus freasúra daingean ba chúis le treascairt na bhFíníní in 1867. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [22]

MARCANNA AR FÁIL

30

2 (i) Mínigh aidhmeanna ghluaiseacht na bhFíníní.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, míniú agus anailís theoranta. Beidh freagraí éiginnte faoi aidhmeanna na bhFíníní. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe agus anailíse sa fhreagra. Beidh fócas teoranta ar aidhmeanna na bhFíníní. Déanann iarrthóirí roghnú

réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Tá míniú agus anailís forbartha. Mar shampla, foirmíodh na Fíníní mar chomhcheilg mhíleata, agus rinne a gceannairí iarracht ghníomhach le riail na Breataine in Éirinn a scriosadh agus le Poblacht Éireannach a chur ar bun. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([7]–[8])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Tá míniú agus anailís forbartha go hiontach maith agus tugtar bunús leo. Beidh freagraí thar a bheith eolach maidir le haidhmeanna ghluaiseacht na bhFíníní. Bhí sé d'aidhm ag na Fíníní buille a imirt nuair a bhí an Bhreatain gafa le cogadh nó nuair a bhí aird na Breataine ar eachtraí de chineál eile san Eoraip. Chreid siad go mbeadh reachtas dhá sheomra ann, ceart vótála uilíoch agus scaradh cumhachtaí ann, le scaradh beagnach iomlán ann idir eaglais agus stát. Bhí siad ag iarraidh traidisiúin chultúrtha na hÉireann a chaomhnú agus leasú chóras na talún. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [8]

(ii) "Ba é Daniel O'Connell amháin a bhí freagrach as teip a fheachtais le haisghairm Acht an Aontais a bhaint amach." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an tuairim seo?

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, anailís, luacháil, breithiúnas agus fiosrú teoranta.
B'fhéidir go gcuirfeadh freagraí ar Leibhéal 1 insint ar fáil faoi chuid de na heachtraí tábhachtacha a bhain le feachtas na hAisghairme. Beidh na freagraí seo ginearálaithe. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus úsáideann siad foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhsheasmhachta in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([6]–[11])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt tuisceana, anailíse, luachála, breithiúnais agus fiosraithe ar choincheapa sa fhreagra. Beidh deacracht i gcónaí ag freagraí Leibhéal 2 dul i ngleic go comhsheasmach leis an cheist agus b'fhéidir go dtabharfadh siad cuntas ginearálta ar fáil ar chuid de na drochbhreithiúnais a rinne O'Connell. Mar shampla, níor thuig O'Connell a mhéad a bhí scála an dúshláin a bhí i gceist le feachtas na hAisghairme. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([12]–[17])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, soiléir, éifeachtach. Déantar forbairt ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil, ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús leo. Freagraí ar Leibhéal 3, cuirfidh siad eolas agus tuiscint níos mionsonraithe ar fáil den rud atá á mhaíomh maidir le réimse tosca eile. Chuir O'Connell deireadh le haon seans go mbeadh rath ar fheachtas na hAisghairme nuair a d'úsáid sé na teaicticí céanna a bhí chomh rath uil sin agus é sa tóir ar an Fhuascailt sna 1820idí. Mar gheall ar an intuarthacht seo, bhí sé níos fusa do pholaiteoir glic ar nós Peel déileáil lena fheachtas.
Ní hamháin sin, ach ní raibh O'Connell soiléir faoin rud a bhí i gceist leis an Aisghairm agus ní raibh sé soiléir cén bhail a bheadh ar an chaidreamh idir Parlaimint Éireannach, Westminster agus Impireacht na Breataine. Déanfar tagairt do thosca eile a rinne dochar d'fheachtas O'Connell, amhail níos lú tacaíochta ón mheánaicme. Polaiteoir den scoth a bhí ann, mar Peel, a raibh tuiscint iomlán aige ar nádúr an dúshláin a bhí san Aisghairm don Aontas. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe

MARCANNA AR FÁIL

le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

MARCANNA AR FÁIL

Level 4 ([18]–[22])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Déantar forbairt iontach maith ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil, ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús iontach maith leo. Freagraí ar Leibhéal 4, bainfidh siad tátail ábhartha amach maidir leis an méid a bhí O'Connell freagrach as gan Aisghairm a bhaint amach maidir le tosca ábhartha eile. Níor thaitin Peel leis agus mar gheall air sin, mheas sé an námhaid pholaitiúil ba mhó a bhí aige faoina chumas. Chuir sé as do Phrotastúnaigh mheasartha nuair a nasc sé feachtas na hAisghairme go docht leis an Eaglais Chaitliceach. Chaill sé tacaíocht na meánaicme mar gheall ar a stíl óráidíochta, go háirithe an "Mallow Defiance" clúiteach i Meitheamh 1843. Bhí ról Peel maidir le diúltú d'éilimh O'Connell thar a bheith tábhachtach. Chuir sé cosc ar an ollchruinniú a bhí beartaithe ag O'Connell ag Cluain Tarbh i nDeireadh Fómhair 1843, mar thomhais sé go ceart go ngéillfeadh an seancheannaire Éireannach agus go seachnódh sé báire na fola. Léirigh na leasaithe a rinne Peel, amhail Deontas Mhaigh Nuad, go bhféadfadh Caitlicigh cothrom na Féinne a fháil faoin Aontas, agus mhéadaigh *The Colleges Bill* na scoilteanna a bhí idir O'Connell agus gluaiseacht na n-Éireannach Óg. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais.
Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [22] 30

3 (i) Mínigh an fáth ar aontaigh Daniel O'Connell agus na Fuigeanna le Comhaontú Theach Lichfield.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[2])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, míniú agus anailís theoranta. Cuirfidh freagairtí insint ar fáil nó cuimhneoidh siad ar roinnt ráiteas gan tacaíocht, ginearálta maidir leis an fháth ar aontaíodh ar an Chomhaontú. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([3]–[4])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe agus anailíse sa fhreagra. Beidh deacracht i gcónaí ag freagraí ag leibhéal 2 dul i ngleic go comhsheasmach leis an cheist nó b'fhéidir go dtabharfadh siad cuntas ginearálta ar fáil ar na rudaí a spreag O'Connell nó na Fuigeanna tacú leis an Chomhaontú. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([5]–[6])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, soiléir, éifeachtach. Tá míniú agus anailís forbartha. Beidh níos mó mionsonraí sna freagraí, agus taispeánfaidh siad, mar shampla, feasacht áirithe ar na rudaí a spreag an dá thaobh nuair a d'aontaigh siad ar an Chomhaontú. Thuig O'Connell i ndiaidh gur briseadh go tubaisteach ar a rún sa pharlaimint leis an Aontas a aisghairm in 1834 nach n-éireodh le feachtas Aisghairme ar bith. Do na Fuigeanna, bhí Peel i gcumhacht ar feadh tréimhse gairide le rialtas mionlaigh in 1834-1835. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([7]–[8])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Tá míniú agus anailís forbartha go hiontach maith agus tugtar bunús leo. Beidh freagraí thar a bheith eolach maidir leis an fháth ar aontaigh an dá thaobh ar an Chomhaontú. Chomh maith lena

MARCANNA AR FÁIL

MARCANNA AR FÁIL

phleananna d'fheachtas Aisghairme a thréigean, bhí dúil ag O'Connell caidreamh a dhéanamh leis na Fuigeanna le margáil a dhéanamh le hathleasuithe a raibh dianghá leo a fháil do Chaitlicigh na hÉireann. Do na Fuigeanna, bheadh a staid éiginnte sa pharlaimint neartaithe le tacaíocht ó na 39 Feisire a bhí dílis de O'Connell. Thiocfadh leis an "Fhuascailteoir" úsáid a bhaint as a thionchar le cogadh na ndeachúna a shuaimhniú agus le hÉire a "cheansú". Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [8]

(ii) "Ba é ceannaireacht Daniel O'Connell an fáth ba thábhachtaí leis an rath a bhí ar an fheachtas le Fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo?

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu, ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh eipeasóideach nó ar dhóigh mhíchruinn den chuid is mó. Tá an freagra i bhfoirm insinte le tuiscint, anailís, luacháil, breithiúnas agus fiosrú teoranta.
Freagraí ar Leibhéal 1, b'fhéidir go dtabharfadh siad insint nó go gcuimhneodh siad ar roinnt pointí maidir le feachtas na fuascailte. Beidh na freagraí seo ginearálaithe. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([6]–[11])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh a bhfuil leibhéal áirithe ábharthachta agus soiléire ag baint leo, cé go bhfuil corrlocht

ann. Tá roinnt tuisceana, anailíse, luachála, breithiúnais agus fiosraithe ar choincheapa sa fhreagra. Beidh deacracht ag freagraí Leibhéal 2 dul i ngleic go comhsheasmach leis an cheist nó b'fhéidir go dtabharfadh siad cuntas ginearálta ar fáil ar ról O'Connell, ar a chuid taicticí nó ar laige Rialtas na Breataine. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 3 ([12]–[17])

Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Déantar forbairt ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil, ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús leo. Freagraí ar Leibhéal 3, cuirfidh siad eolas agus tuiscint níos mionsonraithe ar fáil den rud atá á mhaíomh maidir le réimse tosca eile. B'fhéidir go ndéanfaí cumas ceannaireachta O'Connell a mheasúnú ar dhóigheanna difriúla. Ba phearsantacht bhríomhar, dhinimiciúil é; óráidí cumhachtach a bhí ann, a raibh a chaidreamh leis an phobal tógtha ar an tsaol oibre clúiteach a bhí aige mar pholaiteoir agus mar dhlíodóir. Chuir O'Connell Compántas na gCaitliceach ar bun. Ba é seo an chéad brúghrúpa polaitiúil san Eoraip. Bhain sé úsáid sciliúil as roscaireacht agus bruachaireacht. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar an leibhéal seo ar roinnt tosca eile amhail gnaoi an phobail air agus ról na hEaglaise Caitlicí. Bhailigh an chléir an cíos pingine agus ba bhunús nádúrtha eagraíochtúil paróistí na hEaglaise don fheachtas. Chomh maith leis sin, spreag an chléir na saorshealbhóirí 40 scilling vótáil in éadan a dtiarnaí talún
. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([18]–[22])

Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas agus tuiscint in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Déantar forbairt iontach maith ar thuiscint, ar anailís, ar luacháil ar bhreithiúnais agus ar fhiosrú na gcoincheap agus tugtar bunús iontach maith leo. Freagairtí ar Leibhéal 4, déanfaidh siad tátail ábhartha faoin méid arbh iad a scileanna ceannaireachta ba chúis
le bua O'Connell in 1829. Scileanna carasmatacha ceannaireachta O'Connell, spreag siad na milliúin a chuidigh lena smaoineamh nuálaíoch den "chíos pingine", a chuir ciste troda ar fáil don fheachtas aige. Ní hamháin sin, ach d'fhreastail na sluaite ar a slógaí clúiteacha poiblí ina mílte. Ní hamháin gur ghin sin móiminteam a bhí ag O'Connell ach chomh maith leis sin, d'fhág sé go raibh na himpleachtaí dóchúla inchreidte go maith mura bhfaigheadh an pobal an fhuascailt a bhí uathu. Bhí bonn tacaíochta O'Connell forleathan
- bhí an mheánaicme Chaitliceach ann, na tuathánaigh agus Preispitéirigh.

D’éirigh le straitéis O’Connell de thoghcháin a throid, mar an bua a bhí aige i dtoghcheantair Phort Láirge agus an Chláir, bhain siad geit as aicme na dtiarnaí talún agus bhrúigh a fheachtas chuig barr an chláir oibre pholaitiúil ag Westminster. Bhain O’Connell tairbhe as laige Rialtas na dTóraithe i ndiaidh imeacht an Tiarna Liverpool in 1827. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [22]

Iomlán

MARCANNA AR FÁIL

30

60

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED

General Certificate of Education

2018

Stair

Aonad Measúnaithe A2 1

Athrú Thar Am

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

SCÉIM MARCÁLA

Rogha 2: Éire Faoin Aontas 1800–1900

MARCANNA AR FÁIL

Freagair **ceachtar acu** Ceist **1 nó** Ceist **2.**

1 "Ba é caighdeán a gceannaireachta an toisc ba thábhachtaí a chinntigh cé acu a d'éirigh nó nár éirigh le haontachtaithe agus le náisiúnaithe bunreachtúla a n-aidhmeanna a bhaint amach sa naoú haois déag in Éirinn." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an ráiteas seo?

Measúnú Sionoptach
Ba cheart do scrúdaitheoirí cumas an iarrthóra a mheasúnú maidir le heolas agus le scileanna a chur le chéile le tuiscint fhoriomlán ar an stair a léiriú. Ba cheart go dtaispeánfadh freagraí na n-iarrthóirí eolas agus tuiscint leathan ar an stair trí amharc go cuimsitheach trasna na tréimhse a bhfuil staidéar á déanamh uirthi ina hiomláine. Ba cheart dóibh naisc agus comparáidí a dhéanamh a ndéantar iad a fhorbairt agus a anailísiú agus ar an dóigh sin a chur in iúl go bhfuil tuiscint acu ar phróiseas an athraithe stairiúil. Ba chóir go dtiocfadh eolas agus tuiscint ar an ábhar ó bhreis agus aon pheirspictíocht amháin - polaitiúil nó cultúrtha nó eacnamaíoch - agus ba cheart go dtaispeánfaí tuiscint ar na naisc nó ar an idirghaolmhaireacht idir na peirspictíochtaí seo.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, b'fhéidir go gcuimhneodh siad ar roinnt eolas cruinn agus go léireodh siad tuiscint ar chuid amháin den tréimhse den chuid is mó agus ar aon pheirspictíocht amháin di. Beidh cruinneas teoranta agus easpa soiléire le feiceáil ar fud an fhreagra. B'fhéidir go mbeadh cur síos tuairisciúil ar eachtraí le fáil sna freagraí. Is beag nasc nó comparáid a dhéanfar idir codanna difriúla den tréimhse. Ní bheidh sna freagraí den chuid is mó ach sraith de ráitis gan fianaise gan ach beagán anailíse faoi cé acu an cheannaireacht an toisc ba thábhachtaí a chinntigh cé acu a d'éirigh le haontachtaithe agus náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt in Éirinn sa 19ú haois. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad usáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([11]–[20])
Freagraí ar an leibhéal seo, b'fhéidir go gcuimhneodh siad agus go n-úsáidfeadh siad eolas a tharraingíonn ó shamplaí ó ar fud na tréimhse. Beidh lochtanna cruinnis le feiceáil go minic sa fhreagra agus in amanna beidh easpa soiléire ann. Cuirfidh an freagra roinnt mínithe ar fáil, cé nach ndéanfaidh sé ach lominsint in amanna. Déanfar naisc agus comparáidí ach ní dhéanfar iad seo a fhorbairt ná a anailísiú ina n-iomláine. Beidh roinnt ráiteas gan bhunús sna freagraí ach chomh maith leis sin beidh argóintí ann atá forbartha mar is cuí agus a bhfuil bunús leo arbh é caighdeán a gceannaireachta an toisc ba thábhachtaí a chinn cé acu a d'éirigh le haontachtaithe agus náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt in Éirinn sa 19ú haois. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([21]–[30])
Freagraí ar an leibhéal seo, cuimhneoidh siad ar eolas agus úsáidfidh siad an t-eolas sin go cruinn, agus tarraingeoidh siad ar gach cuid den tréimhse le soiléire agus le fócas. Cuireann freagraí mínithe fócasaithe ar fáil agus déanann naisc agus comparáidí a fhorbraítear agus a ndéantar anailís orthu, agus léiríonn seo tuiscint ar phróiseas an athraithe stairiúil. Déantar argóintí a fhorbairt, a thacú le fianaise, a léiriú agus déantar breithiúnas ar an cheist an é an cheannaireacht an toisc ba thábhachtaí a chinn cé acu a d'éirigh le haontachtaithe agus náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt in Éirinn sa naoú haois déag. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([31]–[40])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad cuimhne chruinn ar eolas thar an tréimhse a bhfuil staidéar á dhéanamh uirthi le soiléire agus le cruinneas. Cuirfidh freagraí mínithe mionsonraithe agus fócasaithe agus léirsteanacha ar fáil, a tharraingeoidh ar ghníomhartha, ar eachtraí agus ar pheirspictíochtaí trasna na tréimhse, agus tá tuiscint den scoth ann ar na naisc nó na hidirghaolmhaireachtaí eatarthu seo. Tagtar ar bhreithiúnas le hargóintí atá forbartha, atá léirithe agus a bhfuil bunús leo ina n-iomláine ar an cheist an é an cheannaireacht an toisc ba thábhachtaí a chinn cé acu a d'éirigh le haontachtaithe agus náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt in Éirinn sa naoú haois déag. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

MARCANNA AR FÁIL

MARCANNA AR FÁIL

(a) Toisc thábhachtach a bhí i gcaighdeán na ceannaireachta maidir le rath na náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach

Ba mhór an cuidiú iad carasma, pearsantacht láidir agus scileanna óráidíochta O'Connell mar cheannaire agus é i mbun a fheachtais ar son na fuascailte. D'aontaigh sé na tuathánaigh Chaitliceacha, an mheánaicme agus an Eaglais Chaitliceach agus bhain úsáid as teaicticí a bhí inchurtha leis na cinn a úsáideann an chuid is mó de na brúghrupaí sa lá atá inniu ann. Sna 1830idí, nuair ba léir nach raibh mórán seans ann go mbainfí aisghairm an Aontais amach, bhí roinnt tairbhí le baint ag Éirinn as Comhaontú Theach Lichfield. Agus sin ráite, níor éirigh le O'Connell an aisghairm a chur i gcrích sna 1840idí, go dtí pointe áirithe, cionn is gur mheas sé Peel faoina chumas, agus bhí sé ní b'fhusa a straitéis a thuar agus gníomhú ina éadan cionn is gur bhain sé úsáid as teaicticí a d'úsáid sé roimhe sin i bhfeachtas na fuascailte. Ba é Parnell a bhí i gceannas ar an náisiúnachas bunreachtúil i ndiaidh 1870, agus d'éirigh go maith leis an "Tionscnamh Nua" aige, a chuimsigh náisiúnaithe a bhí ar son an fhoréigin, gníomhaithe talmhaíochta agus lucht an rialtais dhúchais. Tharla Acht na Talún in 1881 agus Acht na Riaráistí in 1882 de thoradh an idirchaidrimh seo. Brúdh an Rialtas Dúchais chun tosaigh i bpolaitíocht na Breataine cionn is gur chruthaigh Parnell polaitiúil nua-aoiseach. Ba iad baill an pháirtí sin na chéad pholaiteoirí san Eoraip a fuair tuarastal agus ar cuireadh smacht orthu vótáil in éineacht ar cheisteanna tábhachtacha. Mar gheall air sin, rinneadh fórsa chomh cumhachtach sin de Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann go raibh meas ag an Pháirtí Liobrálach agus ag an Pháirtí Choimeádach araon air. Theip ar Pharnell an aidhm dheireanach a bhí aige a bhaint amach, mar a bhí, rialtas dúchais, áfach, cionn is gur scoilteadh an Páirtí Liobrálach mar gheall ar an tsaincheist sin. Tháinig scannal a cholscartha idir eisean agus an Eaglais Chaitliceach in Éirinn agus iad siúd a raibh tuairimí neamhaontacha acu i Sasana, agus chuir sin brú ar Gladstone é a thréigean. Bhí doicheall ann idir eisean agus a pháirtí ag Westminster agus in Éirinn i ndiaidh 1886, agus chuidigh sin leis an teip Rialtas Dúchais a bhaint amach. Bhí Grattan agus Butt tábhachtach fosta i bhforbairt an náisiúnachais bhunreachtúil ach bhí laigí ina staid agus ina gceannaireacht, agus sin an fáth nach raibh ach stádas tánaisteach acu sa dual seo.

(b) Bhí tosca eile tábhachtach maidir le rath na náisiúnaithe bunreachtúla a gcuid aidhmeanna a bhaint amach nó a mhalairt sa tréimhse seo

D'fhéadfaí a áitiú gurbh é ról rialtais na Breataine sa tréimhse seo an toisc ba mhó. Bhain O'Connell tairbhe as laigí rialtas na Breataine idir 1827 agus 1829 go díreach nuair a bhí feachtas na fuascailte ag teacht go dtí a bhuaicphointe. Bhíothas ábalta Comhaontú Theach Lichfield a dhéanamh mar gheall ar staid neamhchinnte na bhFuigeanna sa pharlaimint sna 1830idí ach theip ar O'Connell a chuid barrmhianta uilig a bhaint amach ann mar gheall ar réaltachtaí na polaitíochta in Westminster.

Bhí Teacht na dTiarnaí ábalta gach leasú in Éirinn sa 19ú haois a chrosadh. Chomh maith leis sin, ba mhór an chonstaic é Peel. Bhí tacaíocht iomlán aige ó Westminster agus é ag troid in éadan iarracht ar bith an tAontas a aisghairm sna 1840idí. Bhí an t-ádh ar Parnell go raibh Gladstone toilteanach a shaol sa pholaitíocht a chur i gcontúirt trí thabhairt faoi cheist na gcúiseanna gearáin a bhí ag na hÉireannaigh tríd leasú a dhéanamh ar an chóras talmhaíochta agus tríd na Billí Rialtas Dúchais in 1886 agus in 1893. Ba léir go raibh seans níos fearr ag náisiúnaithe bunreachtúla a n-aidhmeanna a bhaint amach nuair ba aidhmeanna teoranta iad, amhail fuascailt nó leasú chóras na talún agus mar sin, níor cuireadh údarás foriomlán na Breataine ar Éirinn i mbaol, mar a dhéanfadh, de réir cosúlachta, an Aisghairm nó Rialtas Dúchais. Mar an gcéanna, ba dhóchúla go mbeadh rath ar fheachtais bhunreachtúla dá mbeadh tacaíocht fhorleathan in Éirinn acu agus dá mbeadh tacaíocht acu ón Eaglais Chaitliceach.

MARCANNA AR FÁIL

(c) Ba é ceannaireacht mhaith go dtí pointe an fáth ar éirigh le hAontachtaithe na hÉireann go dtí 1900 lena n-aidhm leis an Aontas a chaomhnú

(i) 1800–1880idí

Ba thiarnaí talún ba mhó a bhí i gceannas iad siúd ag cosaint an Aontais go dtí na 1880ídí ach i gCúige Uladh, áit a raibh tromlach Protastúnach ann agus ar fhorbair tionscail go gasta, a raibh baicle mhéadaitheach de thionsclaithe agus de ghairmithe a raibh cumas ceannaireachta iontu. Bhí Cosantóirí an Aontais ó dheas níos scaipthe agus níos teirce. Ba é an bua a bhí ag O'Connell sna 1820ídí a spreag bunú den *Irish Protestant Conservative Society* in 1831 faoi threoir Thóraithe na hÉireann agus chléirigh Eaglais na hÉireann. Tháinig an *Irish Metropolitan Conservative Society* ina áit sin in 1836. Bhí an lucht freasúrach i gcoinne O'Connell á threoir in Ultaibh ag an Urramach Henry Cooke, ministir Preispitéireach.

(ii) 1880idi–1900

Ba é an bhagairt a bhraitheadh i bParnell, mar a bhí, leasú chóras na talún agus Rialtas Dúchais a chuidigh le hAontachas eagraithe a chruthú in Éirinn sna 1880ídí. Bhí naisc idir chosantóirí an Aontais sna trí chúige ó dheas agus iad siúd i gCúige Ulaidh le blianta fada agus d'fhan siad láidir, cé go raibh ceannaireachtaí agus eagraíochtaí ar leith ann.

Aontachtaithe ó Dheas

Bhunaigh aontachtaithe ó dheas an *Cork Defence Union* agus *Irish Loyal and Patriotic Union* (IPLU) in 1885 agus a chomharba, an *Irish Unionist Alliance* (IUA), a bunaíodh in 1891. Ní raibh aon rath suntasach ó thaobh toghcháin de ag ceachtar den dá eagraíocht. Ba thiarna talún Protastúnacha agus acadóirí de Choláiste na Tríonóide na príomhcheannairí a bhí iontu siúd. Tá sé fíorthábhbachtach nótáil an tábhacht a bhí ann d'aontachtaithe ó Dheas le naisc láidre le hAontachtaithe Ulaidh agus leis an Pháirtí Choimeádach in Westminster, páirtí a d'athraigh a ainm go dtí an Páirtí Coiméadach agus Aontachtach in 1886.

Ba thiarnaí talún leathchuid de na Feisirí ag aontachtaithe na hÉireann i dTeach na dTeachtaí in 1886 ach thit an líon go dtí an tríú chuid faoi 1900.

Aontachtaithe Ulaidh
Ba é an Coirnéal Edward Saunderson an ceannaire ba thábhachtaí ar aontachtaithe Ulaidh sa tréimhse seo, tiarna talún ó Chontae an Chabháin agus ceannaire ar Pháirtí Aontachtach nua ar leith i dTeach na dTeachtaí. Ba fheisire é ar thoghcheantar Thuaisceart Ard Mhacha ach bhí naisc láidre aige le tiarnaí talún aontachtacha ó dheas fosta. Bunaíodh an *Ulster Loyalist Anti-Repeal Union (ULARU)* i Mí Eanáir 1886. Bhí Saunderson agus an mhórchuid de Fheisirí Ulaidh ina mball den Ord Oráisteach, eagraíocht a raibh páirt ríthábhachtach aici in aontachtaithe i gCúige Uladh a thabhairt le chéile. Bhain Aontachtaithe 17 as an 33 suíochán i gCúige Ulaidh san olltoghchán in 1886. Bhí an nasc leanúnach idir an tiarna talún agus lucht gnó sa chúige á léiriú ag ceannairí an fheachtais i gCúige Uladh i gcoinne na mbillí in 1886 agus 1893. Diúltaíodh do Rialtas Dúchais ach ní raibh ceannaireacht an aontachais ó thuaidh agus ó dheas ar an t-aon toisc lena mhíniú.

(d) Tosca eile
Ba chóir d'iarrthóirí béim a chur ar chros Theach na dTiarnaí nó chiallaigh sin nach raibh aon bhagairt réadúil ar an Aontas ag pointe ar bith. Ba chóir dóibh díriú ar thábhacht na nasc idir aontachtaithe in Éirinn agus sa Bhreatain, go háirithe leis an Pháirtí Choimeádach; d'fhéadfaí tagairt a dhéanamh do thionchair na n-aontachtaithe ó dheas ar Theach na dTiarnaí agus do líon méadaitheach na n-aontachtaithe Ulaidh i dTeach na dTeachtaí faoi 1900, agus don dóigh a raibh Coimeádaigh mór le rá amhail Randolph Churchill sásta "an cárta Buí a imirt".

Agus measúnú a dhéanamh ar an fháth a raibh rath áirithe ag aontachtaithe, ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi na cúiseanna geilleagracha, reiligiúnacha agus impiriúla a bhí ag aontachtaithe na hÉireann, agus céimeanna éagsúla sa bhéim o thuaidh agus ó dheas.

Ba chóir go bpléifí na cineálacha feachtas a bhí ag náisiúnaithe na hÉireann lena n-aidhmeanna a bhaint amach: thig le hiarrthóirí cur in iúl gur chuir O'Connell agus Parnell go mór, ait go leor, mar a rinne náisiúnaithe réabhlóideacha, le forbairt de ghluaiseacht chumhachtach aontachtaithe in Éirinn.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [40]

2 “Bhí rialtais na Breataine níos rathúla agus iad ag rialú na hÉireann sa tréimhse 1800-1850 ná in 1850-1900.” Cé chomh mór agus a d’aontófá leis an bhreithiúnas seo?

MARCANNA AR FÁIL

Measúnú Sionoptach
Ba cheart do scrúdaitheoirí cumas an iarrthóra a mheasúnú maidir le heolas agus le scileanna a chur le chéile le tuiscint fhoriomlán ar an stair a léiriú. Ba chóir go dtaispeánfadh freagraí na n-iarrthóirí eolas agus tuiscint leathan ar an stair trí amharc go cuimsitheach trasna na tréimhse a bhfuil staidéar á déanamh uirthi ina hiomláine. Ba cheart dóibh naisc agus comparáidí a dhéanamh a ndéantar iad a fhorbairt agus a anailísiú agus ar an dóigh sin a chur in iúl go bhfuil tuiscint acu ar phróiseas an athraithe stairiúil. Ba chóir go dtiocfadh eolas agus tuiscint ar an ábhar ó bhreis agus aon pheirspictíocht amháin - polaitiúil nó cultúrtha nó eacnamaíoch - agus ba chóir go dtaispeánfaí tuiscint ar na naisc nó ar an idirchaidreamh idir na peirspictíochtaí seo.

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu ag déanamh breithiúnas a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, b’fhéidir go gcuimhneodh siad ar roinnt eolas cruinn agus go léireodh siad tuiscint ar chuid amháin den tréimhse den chuid is mó agus ar aon ghné amháin di. Beidh cruinneas teoranta agus easpa soiléire le feiceáil ar fud an fhreagra. B’fhéidir go mbeadh cur síos tuairisciúil ar eachtraí le fáil sna freagraí. Is beag nasc nó comparáid a dhéanfar idir codanna difriúla den tréimhse. Ní bheidh i bhfreagraí den chuid is mó ach sraith de ráitis gan fianaise gan ach beagán anailíse ar an cheist an raibh rialtais na Breataine níos rathúla agus iad ag rialú na hÉireann sa chéad leath den chéad ná sa dara leath. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D’fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. B’fhéidir nach mbeadh an chiall atá i gceist soiléir in áiteanna mar gheall ar chur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach.

Leibhéal 2 ([11]–[20])
Freagraí ar an leibhéal seo, b’fhéidir go gcuimhneodh siad agus go n-úsáidfeadh siad eolas a tharraingíoinn ó shamplaí ó ar fud na tréimhse. Beidh lochtanna cruinnis le feiceáil go minic sa fhreagra agus in amanna beidh easpa soiléire ann. Cuirfidh an freagra roinnt mínithe ar fáil, cé nach ndéanfaidh sé ach lominsint in amanna. Déanfar naisc agus comparáidí ach ní dhéanfar iad seo a fhorbairt ná a anailísiú ina n-iomláine. Ní bheidh i bhfreagraí den chuid is mó ach sraith de ráitis gan fianaise gan ach beagán anailíse ar an cheist an raibh rialtais na Breataine níos rathúla agus iad ag rialú na hÉireann sa chéad leath den chéad ná sa dara leath.

Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([21]–[30])
Freagraí ar an leibhéal seo, cuimhneoidh siad ar eolas agus úsáidfidh siad an t-eolas sin go cruinn, agus tarraingeoidh siad ar gach cuid den tréimhse le soiléire agus le fócas. Cuireann freagraí mínithe fócasaithe ar fáil agus déanann naisc agus comparáidí a fhorbraítear agus a ndéantar anailís orthu, agus léiríonn seo tuiscint ar phróiseas an athraithe stairiúil. Úsáidtear argóintí atá forbartha, léirithe agus cruthaithe ina n-iomláine le teacht ar bhreithiúnas ar an cheist an raibh rialtais na Breataine níos rathúla sa chéad leath den chéad nó sa dara leath. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([31]–[40])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad cuimhne chruinn ar eolas thar an tréimhse a bhfuil staidéar á dhéanamh uirthi le soiléire agus le cruinneas. Cuirfidh freagraí mínithe mionsonraithe agus fócasaithe ar fáil, a tharraingeoidh ar ghníomhartha, ar eachtraí agus ar pheirspictíochtaí trasna na tréimhse, agus tá tuiscint den scoth ann ar na naisc nó na hidircheangail eatarthu seo. Úsáidtear argóintí atá forbartha, léirithe agus cruthaithe ina n-iomláine le teacht ar bhreithiúnas ar an cheist an raibh rialtais na Breataine níos rathúla sa chéad leath den chéad nó sa dara leath. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Inneachar Táscach

(a) Sainmhínithe
Ba chóir go dtosódh freagraí le hiarracht foirm éigin sainmhínithe a thabhairt ar an bhrí atá le “rath” do rialtais na Breataine in Éirinn sa 19ú haois. Chomh maith leis sin, ba chóir tabhairt faoi shaincheist an “phointe casaidh” in 1850 ag céim luath san aiste.

(b) Rath?
B’fhéidir go n-áiteodh daoine áirithe gur léiríodh rath sa dóigh is gur sheachain na rialtais aiséirí ar bith eile ag poblachtaigh ar scála Éirí Amach 1798. Na trí éirí amach a tharla, cuireadh faoi chois iad go measartha éasca. Déarfadh daoine áirithe gurbh é an bua ba mhó a bhí ag rialtais na Breataine le linn aois ina raibh borradh ag teacht ar an lucht vótála in Éirinn, go raibh siad ábalta barrmhianta na náisiúnaithe bunreachtúla a láimhseáil agus leasuithe teoranta a chur

MARCANNA AR FÁIL

ar fáil, ar nós Fuascailt na gCaitliceach, leasuithe na bhFuigeanna sna 1830idí nó na leasuithe talún den chuid deiridh den chéad. Mar sin de, cuireadh mianta níos radacaí, amhail feachtas O'Connell leis an Aontas a aisghairm, cuireadh faoi chois iad agus níor géilleadh d'éilimh lucht leanúna Parnell don Rialtas Dúchais ach go dtí pointe áirithe: Tugadh isteach dhá bhille Rialtas Dúchais de chuid Gladstone in 1886 agus in 1893, de réir dealraimh, le héilimh dlisteanacha na nÉireannach ar son féinrialtais theoranta a shásamh. Ní hiontas ar bith é gur diúltaíodh don dá bhille i dTeach na dTeachtaí agus i dTeach na dTiarnaí faoi seach. Thiocfadh léamh níos dearfaí a fháil ar "rath" rialtas na Breataine le teacht isteach d'Acht an Aontais in 1800, nó ón phointe sin ar aghaidh, cuireadh tús le céad bliain de leasaithe tuisceanacha agus rialtas críonna do dhaoine a raibh na maitheasaí seo go mór de dhíth orthu ón mháthairthír impiriúil. Is féidir breathnú ar an dóigh ar láimhseáil rialtais leanúnacha leasa na bProtastúnach agus ansin, leasa na n-aontachtaithe eagraithe ó na 1880idí mar thar a bheith ciallmhar, nó d'éirigh leo déanamh cinnte de nach raibh ach corr círéibe agus bagairtí foréigean mar thoradh ar an tseiteachas dhúchasach agus an easaontas pholaitiúil.

MARCANNA AR FÁIL

(c) An Gorta Mór 1845–1849 agus teipeanna eile

Tá réaltacht lom an Ghorta Mhóir idir 1845-49 ina codarsnacht ar na léirmhínithe cineálta de rialachas na Breataine ina dhiaidh sin. Ba cheart d'iarrthóirí seo a úsáid mar an fhianaise is fearr le taispeáint nach raibh "rath" iomlán ag rialtas na Breataine ar bith go dtí 1850. Ba cheart go ndéanfaí plé ar réimse leathan na gcúiseanna leis an Ghorta Mhór, ag déileáil go soiléir le cé acu tá sé ceart smál agus locht a fhágáil ar rialtais na Breataine leanúnacha ó Acht an Aontais ar aghaidh as olltubaiste an Ghorta Mhóir nó nach bhfuil.

Ba chóir go n-amharcfaí ar an tábhacht atá leis an bhliain 1850 sa cheist nó tá an dlúth bhaint idir sin agus na blianta díreach roimhe sin nuair atáthar ag déanamh anailíse ar cé acu bhí rath ar rialtais na Breataine sa chéad leath den chéad nó ní raibh. Ba cheart go dtugtaí aird ar na castachtaí i gcúrsaí sna blianta roimh 1840 agus ar iarrachtaí éagsúla an rialtais agus daoine eile le tabhairt faoin Ghorta Mhór nuair a thosaigh sé.

Ba cheart d'iarrthóirí measúnú a dhéanamh arís eile an é "téip" an focal ceart a úsáid maidir le polasaithe rialtas na Breataine idir 1800-1850 seachas rath: an moill a bhí ar fhuascailt na gCaitliceach a thabhairt isteach, a bhí geallta faoi Acht an Aontais, an dóigh amscaí ar bronnadh é faoi riail Wellington in 1829, na lagiarrachtaí ar leasuithe sna 1830ídí, agus iad siúd faoi Thomas Drummond i gCaisleán Bhaile Átha Cliath san áireamh agus bearta troma eadrannacha a cuireadh i bhfeidhm le tabhairt faoi corraíl thalmhaíochta gan tabhairt faoi chúiseanna na corraíola. D'fhéadfadh iarrthóirí argóint go raibh aon rath teoranta ina nádúr agus gur sháraigh tubaiste an Ghorta Mhóir aon rath dá raibh ann.

(d) Meascán de rath agus teip

MARCANNA AR FÁIL

Is é an fhírinne, ar ndóigh, go raibh idir bua agus teip ag rialtais na Breataine sa dá thréimhse a bhfuil béim orthu sa cheist, ach ní ar bhonn cothrom. Is féidir agus is ceart dúshlán a thabhairt ar hipitéis na ceiste le hargóint agus le fianaise. Sa tréimhse 1850–1900, mar shampla, ba mhó i bhfad Éirí Amach na bhFíníní 1867 mar dhúshlán do riail na Breataine ná ceann Emmet in 1803 nó ceann na nÉireannach Óg in 1848, ach fiú sa chás sin cuireadh na reibiliúnaigh faoi chois go héasca ar dhóigheanna éagsúla, lena n-áirítear bearta míleata agus brathadóirí.

An tsraith de leasuithe ar chóras na talún a tugadh isteach ó 1870, d'fhéadfaí iad a lua mar shampla féideartha eile den rath measartha maith a bhí ag rialtais na Breataine, mar chlár réasúnta a bhí ann, clár a bhí thar am agus ar cuireadh moill air a lán uaireanta, le córas úinéireacht an talaimh a athrú in Éirinn, clár ar chuir Acht na Talún Wyndham go díreach i ndiaidh na tréimhse atá i gceist, in 1903, an scraith mhullaigh air. Ní gá a rá gur féidir an léirmhíniú seo ar leasuithe talaimh an rialtais a threascairt le hargóint atá struchtúraithe go maith agus a bhfuil tacaíocht mhaith aici.

Rinneadh tagairt níos luaithe don dá Bhille Rialtas Dúchais a rinne Gladstone. D'fhéadfaí a áitiú gur iarrachtaí caolchúiseacha iad an dá bhille de chuid na Liobrálach seo le cur ina luí ar náisiúnaithe Éireannacha sa bhaile agus ag Westminster go raibh na rialtais ag déanamh a ndíchill le riar ar a n-éilimh bhunreachtúla ach go raibh siad i gceangal na gcúig gcaol mar gheall ar réaltachtaí polaitiúla na Breataine ag Westminster (scoilt na Liobrálach in 1886, crosadh Theach na dTiarnaí in 1893). Thréig Gladstone Parnell i ndiaidh dá cholscaradh bheith sna ceannlínte ar na nuachtáin in 1890, agus is féidir sin a chur chun tosaigh mar shampla eile den dóigh ar imir an pholaitíocht sa Bhreatain Mhór tionchar ar an dóigh a láimhseáil an rialtas cúrsaí na hÉireann: Bhí ar Gladstone bheith cúramach gan olc a chur ar dhaoine neamhaontacha sa Bhreatain maidir le ceisteanna a bhaineann le colscaradh. Na scoilteanna a bhí sa Pháirtí Éireannach i ndiaidh thitim agus bhás Parnell, d'fhéadfaí amharc orthu mar theip do Ghladstone, nuair a ghlactar san áireamh go raibh an páirtí a sheas do pholasaí Liobrálach an Rialtais Dúchais d'Éirinn in ísle brí go dtí athaontú an IPP faoi Redmond in 1900. An polasaí " Rialtas Dúchais a bhriseadh le cineáltas" a bhí ag na Coimeádaigh ag deireadh na 1890ídí, d'fhéadfadh iarrthóirí é a léamh mar iarracht gharbh eile ag ceannairí fealltacha polaitiúla na Breataine diúltú do chearta dlisteanacha Náisiúnaithe na hÉireann.

Maidir le nochtadh de ghluaiseacht nua láidir d'Aontachtaithe na hÉireann, a tháinig chun beatha i lár na 1880ídí mar thoradh ar bhagairt de Rialtas Dúchais, d'fhéadfadh iarrthóirí a mhaígh go bhféadfaí an neart a bhaint den ghluaiseacht seo agus na hiarmhairtí uile ina dhiaidh a sheachaint ach Gladstone teaicticí níos ealaíonta a úsáid i leith na nAontachtaithe i Westminster agus in Éirinn.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [40]

40

Iomlán **40**

LEATHANACH BÁN

Rewarding Learning

ADVANCED
General Certificate of Education
2018

Stair

Aonad Measúnaithe A2 2
Fiosruithe agus Léirmhínithe Staire

[CÓD]

PÁIPÉAR SAMPLACH

SCÉIM MARCÁLA

Rogha 4: Críochdheighilt na hÉireann 1900–1925

MARCANNA AR FÁIL

Freagair Ceist **1** agus Ceist **2 agus** ceachtar acu Ceist **3(a) nó 3(b)**.

1 (a) Úsáid Foinse 1 agus Foinse 2 agus do chuid eolais ar an tréimhse seo.

Cé acu ceann de na foinsí ba luachmhaire mar fhianaise ag staraí I mbun staidéir ar an dóigh ar cuireadh in éadan Rialtas Dúchais sa tréimhse 1912–1914?

Díríonn an cheist seo ar CM2: cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinse cuí, atá príomhúil agus/nó comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[3])
Déanfaidh na freagraí athinsint ar inneachar gach foinse agus dearbhóidh rudaí nach bhfuil fianaise iomlán ann le tacú leo. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh fáthanna sna foinsí ar cuireadh in éadan Bille an Rialtais Dúchais.

Leibhéal 2 ([4]–[7])
Déanfaidh freagraí trácht a úsáide atá na foinsí, ag úsáid an ábhair ina iomláine. Tá Foinse 1 tábhachtach cionn is go gcuireann sí in iúl cé chomh mór agus a bhí daoine in éadan Rialtas Dúchais chan amháin in Éirinn ach i Sasana fosta. Treisíonn Foinse 2 gné an fhórsa fhisicigh i gcoinne Rialtais Dúchais cé go bhfuil comhartha ann de chomhréiteach dá mbeadh Uladh eisiata.

Leibhéal 3 ([8]–[11])
Beidh measúnú níos leanúnaí ar luach gach foinse agus beidh conclúid níos iontaofa curtha i láthair sna freagraí. Beidh iniúchadh níos géire ar údarthacht agus ar inneachar sna freagraí ag an leibhéal seo. Cuireann údarthacht Fhoinse 1 lena luach, de thairbhe go dtagann sé ó cheannaire an Pháirtí Choimeádaigh, comhghuaillí traidisiúnta ag Aontachtaithe na hÉireann. Léiríonn óráid Law naimhdeas an atmaisféir san am, chomh maith leis na cúiseanna le stop a chur le Bille Rialtas Dúchais agus na modhanna a bheadh in úsáid lena stopadh. Tá tairbhe le Foinse 2 fosta nó ba é Carson an t-údar, an duine is mór le rá i gcoinne Rialtas Dúchais. Leanann sé leis an chruas chéanna a bhí ag Law, ach tá leathchuid den óráid dírithe ar a fhreagairt ar chomhréiteach féideartha: Uladh a bheith eisiata as Rialtas Dúchais. Mar sin, táthar ar lorg comparáidí agus codarsnachtaí le Foinse 1 agus Foinse 2 agus staidéar a dhéanamh ar na dearcthaí i leith an Bhille Rialtas Dúchais.

Leibhéal 4 ([12]–[15])
Beidh réimse leathan critéar in úsáid i bhfreagraí le luach a mheas, le trácht a dhéanamh ar thábhacht an eolais curtha ar fáil, údarthacht, cúiseanna, tuairimí, lucht féachana agus dáta. Tabharfar eolas comhthéacsúil isteach leis an fhreagra a fheabhsú. Is féidir go ndéanfar trácht i bhfreagra go léiríonn Foinse 1 mothúcháin iad siúd i gcoinne Rialtas Dúchais tamall beag i ndiaidh gur thug Asquith isteach an Bille Rialtas Dúchais in Aibreán 1912. Ina theannta sin, léiríonn rogha focal Law "Stíl Úr" na polaitíochta a bhí soiléir sa tréimhse 1912–1914. B'ionann a thráchtanna agus ceann de na teaicticí a bhí ag iad siúd a bhí i gcoinne Rialtas Dúchais: "bagairt béil" agus impleachtaí don fhórsa fhisiceach a bhí le teacht. Nochtann ráiteas Carson i bhFoinse 2 cé chomh mór agus a ghéill iad siúd a bhí i gcoinne an bhille. Tháinig an óráid seo i ndiaidh a litreach chuig Law i Meán Fómhair 1913, mar a d'admhaigh sé an spéis a bhí aige i "ngearradh glan" de na sé chontae in Uladh. B'ionann géilleadh Carson i bhFoinse 2 agus a chairde Aontachtacha sa Deisceart a thréigean le maireachtáil i dtromluí na críochdheighilte, scartha amach óna gcomhghuaillithe sa tuaisceart. Tógann toiliú Law an baol go mbeidh scoilt tromchúiseach taobh istigh den Pháirtí Choimeádach, agus Aontachtaithe an Deiscirt faoi threoir Midleton agus Landsdowne i measc na daoine is tábhachtaí sa pháirtí. Bítear ag súil ag an leibhéal seo go ndéanfadh iarrthóirí an foinse is luachmhaire dar leo a ainmniú.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [15]

(b) Bain úsáid as Foinse 1 agus Foinse 2 agus as fianaise eile a ndearna tú staidéar uirthi.

Cé chomh mór agus a thacaíonn na foinsí leis an dearcadh gurbh é Uladh féin príomhthosaíocht na ndaoine a chuir in éadan Rialtas Dúchais fad le Meán Fómhair 1914?

Díríonn an cheist seo ar CM1 agus CM2: CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á ndéanamh orthu agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, den iarmhairt, den toradh, den athrú, den chomhchosúlacht, den éagsúlacht agus den tábhacht. **CM2**: cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh ar ábhar foinse cuí, atá príomhúil agus/nó comhaimseartha leis an tréimhse, taobh istigh dá chomhthéacs stairiúil.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh atá eipeasóideach nó atá míchruinn den chuid is mó. Is i bhfoirm insinte é an freagra, nach

MARCANNA AR FÁIL

bhfuil ach míniú, anailís, luacháil agus breithiúnas teoranta ann. Mar shampla, pléann Foinsí 1 agus 2 le staid Chúige Uladh maidir leis an Bhille Rialtas Dúchais. B'fhéidir go mbeadh freagraí ag brath ar na foinsí a athinsint nó go gcuirfeadh siad insint ar fáil faoin ábhar gan tagairt mhór a dhéanamh do na foinsí.

Leibhéal 2 ([6]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad, eagróidh siad agus cuirfidh siad eolas stairiúil in iúl le níos mó ábharthachta agus soiléire, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe, anailíse, luachála agus breithiúnais sa fhreagra. Mar shampla, bíonn tagairtí do Chúige Uladh agus d'Aontachtaithe Uladh flúirseach i bhFoinse 1, agus tá an focal "Ulaidh" ann dhá uair sa chéad abairt d'Óráid Carson i bhFoinse 2. Tugann seo le fios nach raibh de chúis imní ag na daoine a sheas in éadan an Rialtais Dúchais ach Ulaidh.

Leibhéal 3 ([11]–[15])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad, eagróidh siad agus cuirfidh siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh ábhartha, soiléir, éifeachtach. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. Tabharfaidh freagraí faoi na foinsí ar dhóigh níos mionsonraithe, agus b'fhéidir nach mbeadh d'anailís ann ach aontú leis an rud atá á mhaíomh. Labhraíonn Law ar "fhrithbheartaíocht Uladh". Neartaíonn Carson an téama seo trí thagairt a dhéanamh do "lámh dheas láidir ag Uladh" agus an dóigh "a dtroidfeadh Ulaidh." Luann Carson an focal "Ulaidh" sé huaire ar a laghad agus tugann le tuiscint go dtabharfadh sé "tacaíocht do na hUltaigh go dtí deireadh ar fad lena bpolasaí frithbheartaíochta." Faoi Mheán Fómhair 1914, ní raibh fágtha de bharrmhian Law den Rialtas Dúchais a chosc ar fad ach sé cinn de chontaetha Uladh a shábháil ar an Rialtas Dúchais.

Leibhéal 4 ([16]–[20])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad, eagróidh siad agus cuirfidh siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh ábhartha, soiléir, éifeachtach. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. Déanfaidh freagraí léirmhíniú agus anailís ar na foinsí ina n-iomláine maidir lena gcomhthéacs stairiúil. Cé gur léir i bhFoinse 1 go bhfuil Bonar Law ag tacú leis na hUltaigh, déanfaidh freagairtí maithe trácht ar an dúil a bhí aige cosc a chur leis an Rialtas Dúchais d'Éirinn ina hiomláine agus ar na tosca polaitiúla a mhíníonn tacaíocht bhríomhar Law do fhrithbheartaíocht Uladh in éadan an Rialtais Dúchais. Bhí an tréimhse 1906–1911 tubaisteach don Pháirtí Choimeádach: chaill siad trí thoghchán, cuireadh bac orthu maidir le "Buiséad an Phobail" in 1909 agus chuir Acht na Parlaiminte 1911 constaicí eile rompu. Do Law, ní hamháin gur chreid sé i gcúis na nUltach ach ba ghairm slua aige é lena pháirtí a aontú agus na Liobrálaigh a threascairt. Léiríonn Foinse 2 áfach nár fíoraíodh dóchas Carson: ní raibh an rialtas sásta dearmad iomlán a dhéanamh den Rialtas Dúchais. Is é a bhí roimhe, cogadh cathartha nó rud éigin cosúil leis a throid, nó glacadh le comhréiteach a shábhálfadh Cúige Uladh agus, dar le Carson, an chuid eile d'Éirinn a thréigean. Mar sin de, cé go bhfuil tús áite ag "Ulaidh" i bhFoinse 1

agus i bhFoinse 2, déantar tagairt fosta d'Aontachtaithe sa chuid eile d'Éirinn, agus ba chóir go léireodh freagraí go raibh i bhfad níos mó i gceist le bunspreagadh Law agus Carson ná Cúige Uladh amháin a shábháil ar an Rialtas Dúchais. Bhí cláir oibre i bhfad níos leithne ag gach ceannaire ná Ulaidh a shábháil: Léiríonn an gá a bhí ag Law a pháirtí a aontú agus straitéis Carson de bheith ag coinneáil Chúige Uladh amach as Rialtas Dúchais le Rialtas Dúchais a bhriseadh, léiríonn siad go raibh ábhair imní eile ag na daoine a chuir in éadan an Rialtais Dúchais.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [20]

MARCANNA AR FÁIL

35

2 Déan staidéar ar Fhoinse 3 agus ar Fhoinse 4.

MARCANNA AR FÁIL

Agus an dá fhoinse seo agus do thuiscint féin ar an chomhthéacs stairiúil in úsáid agat, cé chomh hinchreidte, dar leat, atá na léirmhínithe difriúla seo ar na fáthanna a bhí le toradh an olltoghcháin in 1918 in Éirinn?

Díríonn an cheist seo ar CM3: cumas an iarrthóra anailís agus luacháil a dhéanamh, maidir le comhthéacs stairiúil, ar na dóigheanna difriúla ar léirmhíníodh gnéithe den am atá caite.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[6])
Léireoidh freagraí tuiscint theoranta ar an dóigh ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís theoranta de na léirmhínithe difriula ar na fáthanna le toradh an olltoghcháin in Éirinn in 1918. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint bheag nó ní léireoidh siad tuiscint ar bith ar an chomhthéacs stairiúil. B'fhéidir nach bpléifeadh freagairtí ach ceann amháin den dá fhoinse. Ní shainaithneoidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, nó déanfaidh siad breithiúnas nach bhfuil aon bhunús leis.

Leibhéal 2 ([7]–[13])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint mhaith ar an dóigh ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Déanfaidh na freagairtí iarracht léirmhínithe difriúla a anailísiú ar na fáthanna le toradh olltoghchán 1918 in Éirinn ach b'fhéidir go mbeadh an luacháil teoranta. Freagraí ar an leibhéal seo, b'fhéidir go léireodh siad tuiscint éigin ar an chomhthéacs stairiúil. Nochtfaidh iarrthóirí tuiscint shásúil ar dhearcadh gach staraí i bhFoinse 3 agus i bhFoinse 4. I bhFoinse 3, cuireann Rees béim ar iarrachtaí deimhneacha Shinn Féin lena chinniúint pholaitiúil féin a mhúnlú, go háirithe le linn 1918. Dhréachtaigh de Valera an gealltanas frithchoinscríofa in Aibreán agus dá thoradh sin, cruthaíodh go raibh an ceart ar fad ag Sinn Féin lena sheasamh frithchogaidh. Bhí drochamhras ar an chléir maidir le dintiúirí bunreachtúla Shinn Féin, ach d'imigh sin agus bhí measúlacht úr ag an pháirtí ina áit. Ní dhearna "Comhcheilg na Gearmáine" agus an cosc ar Shinn Féin ina dhiaidh dochar ar bith d'íomhá an pháirtí agus lean clár toghchánaíochta an pháirtí de bheith ag léiriú go raibh gnaoi an phobail air. I bhFoinse 4, díríonn Smith níos lú ar iarrachtaí deimhneacha a rinne Sinn Féin féin ná ar chuid de na beartaíochtaí toghchánaíochta diúltacha a bhí aige agus ar an dá thoisc eile is mó a mhíníonn toradh olltoghchán 1918, mar atá, tionchar pholasaithe rialtas na Breataine agus laigí Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann. B'fhéidir go sainaithneoidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad roinnt fianaise ar fáil le tacú lena mbreithiúnas.

Leibhéal 3 ([14]–[19])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint mhaith ar na dóigheanna ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís mhaith agus luacháil mhaith ar na léirmhínithe difriúla

ar na fáthanna le toradh an olltoghcháin in Éirinn in 1918. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint iontach maith ar an chomhthéacs stairiúil. Forbróidh iarrthóirí léirmhíniú Rees i bhFoinse 3 gurbh é Sinn Féin ba mhó a bhí freagrach as a rath féin. De réir an dearcaidh seo, tá sé le moladh as uasmhéadú a dhéanamh ar na tosca fabhracha sa tréimhse i ndiaidh Éirí Amach na Cásca. D'fhéadfaí tagairt a dhéanamh dá rath sna fothoghcháin in 1917, go háirithe an ceann a bhain de Valera sa Chlár Thoir i Mí Iúil. I bhFoinse 4, déanann Smith tagairt don rannpháirtíocht in olltoghchán 1918 de vótálaithe óga nach raibh ach i ndiaidh an vóta a fháil a bhí go mór faoi thionchar ag na sé bliana roimhe sin, lena n-áirítear géarchéim Uladh, an tÉirí Amach agus an fhreagairt láithreach a rinne na Briotanaigh air agus bagairt an rialtais coinscríobh a thabhairt isteach in 1918. Mar sin de, léiríonn Smith polasaithe na Breataine agus beartaíochtaí toghchánaíochta Shinn Féin araon mar rudaí a chuidigh leis an rud ar a dtugann sé "an réabhlóid toghchánaíochta" in 1918, maraon le laigí de Pháirtí Pharlaiminteach na hÉireann agus a chlú le blianta beaga anuas. Sainaithneoidh iarrthóirí cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad fianaise mhaith ar fáil le tacú lena mbreithiúnas.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 4 ([20]–[25])

Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint iontach maith ar na dóigheanna ar léirmhíníodh an t-am atá caite sa dá fhoinse. Léireoidh freagairtí anailís iontach maith agus luacháil iontach maith ar na léirmhínithe difriúla ar na fáthanna le toradh an olltoghcháin in Éirinn in 1918. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint iontach maith ar an chomhthéacs stairiúil. Maidir le Foinse 3, toghadh de Valera ag Ard Fhéis Shinn Féin i nDeireadh Fómhair 1917 mar cheannaire in áit Griffith agus chum sé forógra a bhí débhríoch go leor le daoine a chaill a muinín i bPáirtí Parlaiminteach na hÉireann a mhealladh. Tacaíonn Smith i bhFoinse 4 le Rees nuair a chuireann sé rath Shinn Féin síos go dtí pointe don éiginnte a bhain d'aon ghnó lena chlár. Iarrthóirí ar an leibhéal seo, ba chóir dóibh forbairt a dhéanamh ar pholasaithe rialtais na Breataine ó 1914 ar a laghad ar aghaidh, polasaithe a rinne dochar do Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus a chuaigh chun sochair do náisiúnaithe níos radacaí, go háirithe sa tréimhse 1916-1918. Ar an dul chéanna, ba chóir go bpléifeadh iarrthóirí ar an leibhéal seo le doimhneacht áirithe le laigí de Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann. Mar shampla, an tacaíocht ó chroí a thug Redmond don chomhar cogaidh 1914 agus an dóigh ar ghlac sé leis an chríochdheighilt le linn chainteanna Lloyd George i samhradh 1916, rudaí a rinne dochar marfach dá pháirtí, a chuir as don Eaglais Chaitliceach agus a thug an tús áite do Shinn Féin agus é ag teacht aniar. Táthar ag súil, ar an iomlán, go ndéanfaidh iarrthóirí anailís oilte ar an bhéim éagsúil a leagann an bheirt staraithe seo ar na fáthanna le toradh an olltoghcháin in Éirinn in 1918. Freagraí ag barr Leibhéal 4 nó cóngarach dó, cuirfidh siad measúnú cothromaithe ar fáil, déanfaidh siad comparáid idir thábhacht teaicticí Shinn Féin, meancóga agus laigí de Pháirtí Parlaiminteach na hÉireann agus éifeacht pholasaithe rialtas na Breataine ar pholaitíocht na náisiúnaithe in Éirinn. Léireoidh na freagraí is fearr idirghníomhú na dtosca seo, ag maígh go bhfuil gach léirmhíniú bailí agus nár cheart a bheag a dhéanamh de cheann ar bith acu. Sainaithneoidh iarrthóirí

cé acu den dá fhoinse is mó atá inchreidte, dar leo, agus cuirfidh siad fianaise iontach maith ar fáil le tacú lena mbreithiúnas.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [25]

MARCANNA AR FÁIL

25

3 (a) "Bhí níos mó brú ar phoblachtaigh na hÉireann ná a bhí ar rialtas na Breataine aontú le sos cogaidh i Mí Iúil 1921." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo faoin dóigh ar tháinig deireadh le Cogadh na Saoirse (an Cogadh Angla-Éireannach) 1919-1921.

MARCANNA AR FÁIL

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh atá eipeasóideach agus/nó atá míchruinn den chuid is mó. Is i bhfoirm insinte é an freagra, nach bhfuil ach míniú, anailís, luacháil agus breithiúnas teoranta ann. Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad tuiscint éadomhain. B'fhéidir go ndéanfaí cur síos ar eachtraí i gCogadh na Saoirse (Cogadh Angla-Éireannach) gan ach tagairt fhánach nó gan tagairt ar bith don cheist. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([6]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl le níos mó ábharthachta agus soiléire, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe, anailíse, luachála agus breithiúnais sa fhreagra. Beidh roinnt fianaise ann le tacú leis an fhreagairt. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh fócas teoranta ar a mhéad a bhí an sos cogaidh ag fóirstean do gach taobh gan an argóint a bheith forbartha leis an cheist a fhreagairt go díreach. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 3 ([11]–[15])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh ábhartha, soiléir, éifeachtach. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. B'fhéidir go nglacfadh iarrthóirí leis an rud atá á mhaíomh beagnach mar fhírinne, agus iad ag

cur anailís measartha iomlán ar fáil ar an dóigh a raibh an sos cogaidh go príomha ina thoradh ar bhrúnna míleata agus polaitiúil ar Phoblachtaigh Éireannacha ach gan tabhairt faoin dearcadh malartach ina iomláine, is é sin, go ndeachaigh brúnna míleata agus polaitiúla i bhfeidhm fosta ar an chinneadh a rinne Rialtas na Breataine sos cogaidh a thairiscint i samhradh 1921. Thar thréimhse ocht mí dhéag, bhí roinnt daoine, intleachtaigh, an chléir agus polaiteoirí ina measc ón Bhreatain agus thar lear, bhí siad ag cáineadh ghníomhartha fhórsaí na Corónach go príobháideach agus go poiblí. Bhí ról ag ceisteanna míleata sa tairiscint sos cogaidh ó na Briotanaigh fosta. Is féidir a áitiú nár 'bualadh" fórsaí na Corónach ní hé gur chaill siad cath cinniúnach ach níl aon dabht ann ná go raibh praghas le híoc acu as an fheachtas treallchogaíochta a rinneadh poblachtaigh. Agus sin ráite, bhí fadhbanna ollmhóra ag an fheachtas treallchogaíochta seo faoi Earrach 1921, agus soláthar arm agus fear don IRA ag dul i ndísc i bhfianaise líonra faisnéise níos fearr ag na Briotanaigh agus freagairt mhíleata níos déine. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([16]–[20])

Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. Ní amháin go ndéanfaidh iarrthóirí Leibhéal 4 éifeacht thionchar na bpolaitíochta agus an airm ar phoblachtaigh na hÉireann a mheas ach déanfaidh siad í fosta do rialtas na Breataine. Bhí brú polaitiúil ag géarú ar phoblachtaigh, ag léiriú pobail a bhí tinn tuirseach den chogadh agus na cánach ó chliarlathas na hEaglais Caitlicí. Ba ar éigean a d'fhéadfadh diúltiú do thairiscint réasúnta ar bith ar shos cogaidh gan bhá pholaitiúil a chailleadh in Éirinn agus in áiteanna eile. Go príobháideach thairg rialtas na Breataine sos cogaidh do Phoblachtaigh i Mí na Nollag 1920- a diúltaíodh dó ar an toirt - a raibh aistriú arm mar réamhchoinníoll chun sos comhraic mar chuid de. Bhí an tairiscint in Mí Iúil 1921 saor ó choinníollacha dá leithéid, a d'fhág go mbeadh diúltú ar bith ó thaobh na bpoblachtach neamhchríonna. Sin ráite, ba bhrúnna míleata ba mhó a bhí ag teannadh ar phoblachtaigh na hÉireann: Bhí bunús maith le hadmháil Collins do Hamar Greenwood ina dhiaidh nach dtiocfadh leis an IRA an fód a sheasamh ach ar feadh trí seachtaine eile, nó bhí ganntanas armlóin agus daonchumhachta ag déanamh dochair dóibh. Cuirfidh iarrthóirí fianaise mionsonraithe ar fáil ar na fáthanna polaitiúla a raibh sos cogaidh á lorg ag rialtas na Breataine, ag díriú isteach ar an dóigh a raibh náire ar na Briotanaigh faoin phoiblíocht sa bhaile agus ar fud an domhain ar dhísmacht na nDúchrónach mar a chonacthas é agus an polasaí den bheart díoltais. Cé gur cáineadh gníomhartha na bpoblachtach fosta ag na foinsí céanna, ba mhó an cáineadh a rinneadh ar fhórsaí na Corónach nó síleadh go cloífeadh siad le cod iompraíochta níos déine, agus a bheith freagrach dó.

Cuirfear mionfhianaise den chineál chéanna ar fáil ar na brúnna míleata ar rialtas na Breataine. Nocht ceannasaithe sinsearacha an airm go raibh amhras orthu faoi chumas a gcuid fear le leanúint ar aghaidh leis an fheachtas a fhad le geimhreadh 1921. Ba cheart do fhreagraí ar an leibhéal is airde, na brúnna polaitiúla agus míleata a bhí ar an dá thaobh faoi Iúil 1921 a léiriú, ag taispeáint gur mhó na brúnna polaitiúla ar an Bhreatain nuair a bhí an dara cás níos tromchúisí do phoblachtaigh. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [20]

(b) "Ba mhó i bhfad a bhain rialtas na Breataine a chuspóirí amach i gConradh Angla-Éireannach na Bliana 1921 ná a bhain Sinn Féin a chuspóirí amach." Cé chomh mór agus a d'aontófá leis an bhreithiúnas seo?

Díríonn an cheist seo ar CM1: cumas an iarrthóra eolas agus tuiscint a léiriú, a eagrú agus a chur in iúl le hanailís agus luacháil a dhéanamh ar na heochairghnéithe a bhaineann leis na tréimhsí a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu agus breithiúnais a dhéanamh a bhfuil bunús leo agus coincheapa a fhiosrú, más ábhartha, den chúis, iarmhairt, athrú, leanúnachas, comhchosúlacht, éagsúlacht agus tábhacht.

Bronnfar marc de náid nuair nach dtáirgeann an t-iarrthóir ábhar ar bith nach fiú creidiúint é.

Leibhéal 1 ([1]–[5])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh atá eipeasóideach nó atá míchruinn den chuid is mó. Is i bhfoirm insinte é an freagra, nach bhfuil ach míniú, anailís, luacháil agus breithiúnas teoranta ann. Freagraí ar an leibhéal seo, b'fhéidir go mbeadh siad míchruinn nó go léireodh siad tuiscint éadomhain. B'fhéidir go mbeadh tráchtanna ann go raibh Sinn Féin ag iarraidh Poblacht Éireannach a bhaint amach. Déanann iarrthóirí roghnú teoranta agus baineann siad úsáid theoranta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. D'fhéadfadh sé go mbeadh easpa soiléire agus comhleanúnachais in eagrú an ábhair. Is beag úsáid a bhaintear as sainstór focal. D'fhéadfadh sé go bhfágfadh an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach nach léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Leibhéal 2 ([6]–[10])
Freagraí ar an leibhéal seo, léireoidh siad, eagróidh siad agus cuirfidh siad eolas stairiúil in iúl le níos mó ábharthachta agus soiléire, cé go bhfuil corrlocht ann. Tá roinnt mínithe, anailíse, luachála agus breithiúnais sa fhreagra. Beidh roinnt fianaise ann le tacú leis an fhreagairt. Mar shampla, b'fhéidir go mbeadh fócas teoranta ar

MARCANNA AR FÁIL

aidhmeanna Shinn Féin le linn cainteanna an Chonartha, le roinnt tráchtanna ar Phoblacht, ar an Choróin agus an Impireacht, agus b'fhéidir ar aidhmeanna na Breataine, lena n-áirítear stádas Tiarnais. Déanann iarrthóirí roghnú réasúnta agus baineann siad úsáid réasúnta as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le roinnt soiléire agus comhleanúnachais. Baintear roinnt úsáid as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach cumasach go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

MARCANNA AR FÁIL

Leibhéal 3 ([11]–[15])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil in iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, éifeachtach. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. B'fhéidir go mbeadh freagraí fócasaithe ar réimse chaol de chuspóirí na ndreamanna a bhí rannpháirteach, agus b'fhéidir go dtabharfadh siad cuntas neamhiomlán orthu seo, le tagairt éiginnte don cheist cé acu taobh a bhain a uaillmhianta amach níos iomláine. Ar thaobh na Breataine, bhí siad daingean docht go bhfanfadh Éire taobh istigh den Impireacht sa tsocrú dheireanach de réir an Chonartha: ní bhfaigheadh Sinn Féin Poblacht na hÉireann a choíche, ba chuma na cúinsí. Ina áit sin, thabharfaí stádas Tiarnais ar Éirinn, faoi réir ag roinnt gealltanas a bhaineann le cosaint, le trádáil agus le hairgeadas. Bhí Sinn Féin ag iarraidh Poblacht na hÉireann 32 contae a bhaint amach. Ní hamháin sin, ach bhí sé ag iarraidh deireadh a chur leis an chríochdheighilt, i ndiaidh bhunú Rialtas Thuaisceart Éireann san Acht um Rialú na hÉireann in 1920. Bhí aireacht scoilte ag de Valera, idir iad siúd ar nós Griffith a shíl go raibh stádas Tiarnais tarraingteach agus daoine dáighe ar nós Brugha a dhiúltaigh smaoineamh ar ghlacadh le rud ar bith ach Poblacht neamhspleách. Ón am seo amach, mhol de Valera "Comhcheangal Seachtrach": bheadh saoirse ag Éirinn mar a bheadh ag stát neamhspleách ach bheadh sí comhcheangailte go seachtrach leis an Chomhlathas Bhriotanach. Déanann iarrthóirí roghnú maith agus baineann siad úsáid mhaith as foirm agus stíl chuí scríbhneoireachta. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán maith soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid mhaith as sainstór focal cuí. Tá cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach inniúil go leor leis an chiall a dhéanamh soiléir.

Leibhéal 4 ([16]–[20])
Freagraí ar an leibhéal seo, léiríonn siad, eagraíonn siad agus cuireann siad eolas stairiúil n iúl ar dhóigh ábhartha, shoiléir, ghonta. Déantar míniú, anailís, luacháil agus breithiúnais a fhorbairt agus tugtar bunús leo. Tabharfar míniú iomlán ar chúspóirí rialtas na Breataine agus Shinn Féin, chomh maith le measúnú cothromaithe maidir leis an méid sa bhreis a bhain rialtas na Breataine amach sa Chonradh. Bheadh sé doiligh tuairim mhalartach a áitiú ach ba chóir creidiúint a thabhairt d'iarrachtaí a bhfuil tacaíocht mhaith acu. Ba chuid riachtanach den Chonradh í an dílseacht don Choróin i súile rialtas na Breataine agus sa doiciméad tugtar Saorstát Éireann, agus ní Poblacht, ar Éire.

B’éigean do gach ball i nDáil Éireann mionn dílseachta don Choróin a ghlacadh. D’éirigh le Sinn Féin, áfach, siombalachas an mhionna a mhaolú trí ghealltanas a thabhairt go nglacfadh siad mionn a bheith lántiománta agus dílis do Bhunreacht an tSaorstáit in áit mionn dílseachta do Rí George V a ghlacadh. Ní raibh tagairt ar bith ann do Chomhcheangal Seachtrach sa Chonradh agus bheadh ionadaí den Choróin in Éirinn i bhfoirm Seanascail. Caomhnú stádas agus cumhachtai Thuaisceart Éireann a bhí ina phríomhchuspóir ag Rialtas na Breataine agus bhí Sinn Féin ag iarraidh go gcuirfeadh Rialtas na Breataine brú ar Aontachtaithe Uladh le deireadh a chur leis an chríochdheighilt. Bhí lamháltas ann sa Chonradh do Shinn Féin i bhfoirm Coimisiún na Teorann leis an teorainn idir Thuaisceart Éireann agus an chuid eile d’Éirinn a shocrú ach tháinig deireadh leis an Choimisiún seo in 1925. I gcás cúrsaí airgeadais, bhí ar an dá rialtas saorthrádáil a éascú idir an dá thír agus thabharfadh Saorstát Éireann airgead d’fhiachas poiblí na Ríochta Aontaithe. Bhí lucht slándála na Breataine sásta as rochtain a bheith acu ar na calafoirt “Chonartha”. Roghnaíonn agus úsáideann iarrthóirí an fhoirm agus an stíl is cuí scríbhneoireacht. Tá nithe ábhartha eagraithe le caighdeán ard soiléire agus comhleanúnachais. Baintear úsáid fhorleathan chruinn as sainstór focal cuí. Tá an cur i láthair, litriú, poncaíocht agus gramadach ag caighdeán ard go leor le gur léir an chiall a bhíothas ag iarraidh a chur in iúl.

Aon ábhar eile atá bailí, bronnfar marc air mar is cuí. [20]

Total

MARCANNA AR FÁIL
20
80